

Pléaráca 93

Uimh 3

£1

NA CEARTA
SIBHIALTA

NA BÁID

STAIR ÁITIÚIL

TUAIRIMÍOCHT

SEAN GHRIAN
-GHRAFANNA

CLÁR AN
PHLÉARÁCA

BÉALOIDEAS

... agus go
leor eile!





Raidió na Gaeltachta

*Scéalta Beaga agus Scéalta Móra
Ceol, Cabaireacht agus
Cuideachta ó Adhmhaidin go
Tráthnóna.*

**Bíonn muid ar fáil gach uile lá
den bhliain. Ná bíodh drogall
oraibh labhairt linn.**

Craoladh beo ar
FM/VHF
ar fud na tíre.

Folreann Eagarthóireachta:
Donncha Ó hEallaithe, Ruaidhrí Ó
Tuairisg agus Caomhán Ó Scoláí.

Buíochois:
Tá an fhoireann eagarthóireachta
an-bhuíoch do Aoife Ní Scoláí, Áine
Ní Dhubháin, Máire Uí Ghiobúin,
Kate Ní Dhonechta, Mairéad Ní
Scanláin agus Bríd Ní Chartúir.

Tá buíochois ag dul chomh maith
do CHLÓDÓIRÍ LURGAN agus do
Mhicéad Ó Braonáin a bhí chomh
foighdeach (arís) linn.

Táimid thar a bheith buíoch do na
daoine go léir a scríobh altanna
dúinn agus a chuir grianghrafanna
ar fáil, gan pingin ná leathphingin a
fháil.

B'é Caomhán Ó Scoláí a rinne an
leagan amach ar an iris.

Sé an fhoireann eagarthóireacht
atá freagrach as aon bhotún. Maith
dúinn iad.

Táimid fíor buíoch dár bhfógróirí
a chuir ar ár gcumas an iris seo a
dhíol ar phraghas réasúnta.

Coiste Phléaraca Chonamara '93:
Donncha Ó hEallaithe (Cumann
Forbartha Chois Fharraige)
Máire Uí Ghiobúin (Comharchumann
Turasóireacht Chonamara agus
Arann)

Gearóid Ó Cosgordha
(Comharchumann Chonamara Thiar)
Máire Bheibigh (Coiste Pobail
Chamuis)
Colm Ó Cinnseala (Na Forbacha)
Mairéad Ní Chualáin (Muintearas)
Peigín Ní Chonghaile (Muintearas)
Máire Uí Chonghaile (Ros Muc)
Gearóid Ó Murchú (Cósta
Chonamara)

Pádraig Ó Cosgordha (Comhairle
Pobail Iorras Aithneach)
Máire Áine Ní Mhaolchiaráin
(Comhairle Pobail Iorras Aithneach)
Risteárd Mac Aodha (An Spidéal)
Áine Ní Dhubháin (Camus)
Réamonn Ó Mainnín (Ros Muc)
Barry Ó Fatharta (Ros a'Mhíl)

Tá an Coiste Eagraithe an bhuíoch
do na daoine seo leanas a thug
cúnamh dúinn imeachtaí a reachtáil:

Martina Goggin (An Spidéal)
Bob Quinn (Cinegaeil)
Miriam Allen (Fleadh Scannán na
Gaillimhe)
An tAth Ó Gríofa, Camus
Joe Bheibigh (Na Forbacha agus
Camus) Pádraig Ó hAoláin (Údarás na
Gaeltachta)
Peadar Ó Maoláin (Údarás na
Gaeltachta)
Máirtín Jaimsie (Raidió na Gaeltachta)
Máirtín Tom Shéainín Mac Donncha
(RnaG)
Johnny Shéamais Ó Conghaile (Raidió
na Gaeltachta)
Seán Bán Breathnach (Raidió na
Gaeltachta)
Máirtín Mac Donncha (Raidió na Gaelt.)
Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin)
Mairí Joe Shéamais Ó Fatharta (An
Cnoc)
Caitlín Uí Chonghaile (Gairmscoil an
Phiarsaigh)
Máire Féirtear (Muintearas)
Brian Ó Baoill (Cumann Forbartha
Chois Fharraige)
Séan de Cléir (Muintearas)
Ivan Mac Philip (Meitheal Forbartha na
Gaeltachta)
Coiste Pobail Ros a'Mhíl
Treasa Ní Mhaolaoín
Máirtín Ó Briain (Cladhnach)
Seosamh Ó Giobúin (Camus)
Pádraig Ó Flatharta (Camus)
Séamas Ó Fiannachta (Camus)
Colmán Ó Flatharta (Camus)
Pádraig Finnerty (Camus)
Peadar Ó hOibicín (Cinn Mhara)
Joe Kelly (Muicneach)
Pádraig Ó Conghaile (Camus)
Máire Uí Chonghaile (Camus)
Na Bádóirí go léir
Eoin Ó Conaire (Camus)
Pádraig Ó Fiannachta (Camus)
Nearsaí Uí Fhiannachta (Camus)
Tommy Ó Méalóid (Camus)
Kevin & Tommy Óg Ó Méalóid (Camus)
Tommy Kate Ó Mainnín (Ros Muc)
Róisín Ní Mhainnín (Ros Muc)
Foireann Mhuintearas na nOileán
Ord Malta & Na Gardaí
Éamonn Ó hEanáil (Inis Clírr)
Seosamh Ó Conghaile (Leitir Ard)
Kate Ní Dhonechta (Máimín)
Mairéad Ní Scanláin (Na Minna)
Bríd Ní Chartúir (Camus)
Coiste Oldhreachta na nOileán
Micheál Mac an Iomaire (Ros a'Mhíl)
Comharchumann Chonamara Thiar
Coiste Pobail Ros Muc
Risteárd Ó hEallaithe
Coiste Pobail Chamuis
Jarlath Sweeney (Mayo Triathlon Club)

Orla Sweeney (Mayo Triathlon Club)
Éamonn Ó Conghaile (An Aird Thoir)
James Harold
Ark Life
Foireann an Bheir i mRos a'Mhíl agus
i gCamus
Seán Ó Cearbhaill, Díodóir
Réamonn Ó Flatharta, Angela O'Boyle,
Dánlann an Spidéal
An tAth Seán Ó Donnchadha
Joe Steve Ó Neachtain (Cois Fharraige)
Pádraig de Bhaldráithe, Cumann
Seoltóireachta Chuan Chasla
Na Moltóirí:
Rita Bn Nic an Iomaire Coill Sáile
Micheál Ó Cuaig
Mairéad Nic Oistin
Josie Sheáin Jack
Na ceoltóirí, na filí, na fonnadóirí a chuir
siamsaíocht ar fáil le linn an Phléaraca
Caitríona Ní Chonghaile (Méiríní)

Ach go speisialta, tá Coiste an
Phléaraca thar a bheith buíoch do thriúr
a d'oibrigh ó mhaidin go faoithin, lena
chinntiú go néireodh leis an théile, siad
san MÁIRE UÍ GHIOBÚIN (Camus),
ÁINE NÍ DHÚBHÁIN (Muicneach) agus
AOIFE NÍ SCOLÁÍ (An Cnoc).
Táimid thar a bheith buíoch chomh
maith do CAOMHÁN Ó SCOLÁÍ a
dhearadh an postaer agus an clár dúinn
agus a leag amach an iris agus do
MANDY & GEARÓID Ó MURCHÚ (An
Spailpín Fánach) a rinne na t-éinte ar
bheagán fógra.

Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár
againn. Ní d'aon turas é. Táimid buíoch
dóibh siúd chomh maith.

Urraithí an Phléaraca:
Seo leanas na heagraíochtaí agus na
comhluchtaí gnó a thug urraíocht
flaithiúil dúinn le PLÉARACA
CHONAMARA '93 a reachtáil i mbliana:
Roinn na Gaeltachta, Bord na Gaeilge,
Comharchumann Chonamara Thiar,
Comharchumann Dhúiche
Sheoigheach, Ceol na Mara, Comhairle
Chontae na Gaillimhe, Island Ferries
(Sally & Paddy O'Brien), Cumann
Táirgeoirí Bradán Teo., Óstán an
Dóilín, An Chistin, Tigh Hughes, Tigh
Chualáin, Tigh Chlarke & Tigh Mhicó,
Bord Soláthar Leictreachais, Telegael,
Eo Teilifís, Leader, Saortha Chamuis,
Cnóití Ros Muc, Halla Éinne (an
Cheathrú Rua) & Sruth Geal Teo.

Clár na hIrise

2. Eagarfhocal
6. Ros na Rún
Freagra Sheosaimh Uí
Cuaig ar alt le Antoine Ó
Flatharta san Irish Times
9. Muintearas
14. 'Can you tell me
where is Greenhill?'
Scríobhann Gearóid Ó
Murchú ar an 'striopachas
nua turasóireacht'
16. 'An téireannach'
(1934-36)
Déanann Éamonn Ó Ciosáin
cur síos ar an dream réabh-
lóideach a bhunaigh an chéad
páipéar sóisialach Gaeltachta
24. Clár an Phléaraca
29. Bleaicín Bhearna
le Séamas Ó Cualáin
32. An Tónaí & Brannelly
le Ruaidhrí Ó Tuairisg
37. Colm de Bhailís
Scéal file Leitir Mealláin le
Dónal Ó Colchúin
40. Ar Aistear na
gCuradh linn
le Séamas Ó Cualáin
41. Lúb an Mhartello
le Mandaí Uí Mhurchú
43. Teorannacha na
Gaeltachta
le Nollaig Ó Gadhra

Siopa Uí Chonghaile

Leitir Mealláin

**Grósaer, Peitreal, Gáis
Beatha Beithíoch srl.
091-81112**

TIGH CHLARKE

• ROS MUC •
BAR & CEOL
SIOPA

FUNERAL HOME • ADHLACÓIR
74152/74126

"T na G? - Tá lucht na gcúpla focal ag fáil réidh dhó"

Beidh sé an-deachair ag an Rialtas dul siar ar an ngeallúint a tugadh maidir le bunú seirbhís teilifíse trí Ghaeilge. Tá dhá thuarascáil ag an Aire Michael D. Higgins, ó thús Mheán Fómhair. Níl a fhios ag an bpobal céard atá sna tuarascáil ach tá corr leide tugtha sna páipéir agus ar Radio na Gaeltachta faoin gcineál seirbhíse atá molta ag Coiste Uí Thuathaigh, agus gan fiacal a chur ann ní maith linn a gcloistear dúinn.

Do réir na dtuairiscí a bhí i dTuarascáil san Irish Times, tá sé i gceist go mbeadh an stáisiún ar an aer 3 huaire a' chloig in aghaidh an lae. Ní beag an méid ama é sin le líonadh chuile lá, ach ní chuige sin atá muid. Deirtear go mbeidh trian de na cláracha déanta ag comhlachtaí príobháideacha; go mbeidh trian eile déanta ag RTÉ don tseirbhís (ní in aisce go bhfios dúinn) agus go mbeidh an triú trian ceannaithe ag RTÉ don tseirbhís ón iasacht.

Más é seo an leagan amach atá molta cuireann sé allacht orainn. Ciallaíonn sé nach mbeidh aon fhoireann fostaithe go díreach ag an tseirbhís nua, ag déanamh cláracha. Ní bheidh sa gceannáras ach ionad le seirbhís riaracháin a chur ar fáil don bhainistíocht. Ní ghá fiú amháin go mbeadh Ceannaire an stáisiúin ag obair as an gceannáras. Beidh cúpla post le fáil ann ag muintir na Gaeltachta seans, mar rúnaithe, mar chléirigh, ag freagairt an teiléafóin agus ag glanadh na háite.

Cruthófar neart postanna maithe in RTÉ, áfach, leis na 7 n-uaire a chloig gach seachtain a sholáthar. Is cosúil go bhfuil sé i gceist, fiú amháin, an nuacht a réiteach in RTÉ. Ní léir nach mbeidh áit ar sceideal na seirbhíse nua do nuacht ná clúdach áitiúil faoi imeachtaí sa Ghaeltacht. Ní Teilifís Ghaeltachta ar fáil go náisiúnta atá molta ach Teilifís Náisiúnta Ghaeilge, le oifig agus stiúideo leanúnachais sa Ghaeltacht. Is beag leas a dhéanfaidh

sé do phobail na Gaeltachta ach an oiread leis na irisí náisiúnta Gaeilge, tá faitíos orainn.

Ach níl an cath caillte ná baol air. Ní féidir géilleadh chomh héasca sin. Níl i dtuarascáil Uí Thuathaigh ach moltaí. Tig le Michael D. glacadh leo in iomlán nó glacadh le cuid acu nó diúltú glan díobh. Caithfear é a dhéanamh an-soiléir don Aire go bhfuil sé rí-thábhachtach go ndéanfaidh an stáisiún nua teilifíse freastal ar riachtanais na bpobal Gaeltachta ón tús chomh maith le bheith ina stáisiún náisiúnta trí Ghaeilge.

Ní raibh aon urlabhraí olc, maith ná dona ar Choiste Uí Thuathaigh, ón bpobal is mó sa tír a chleachtann an Ghaeilge mar ghnáth theanga cumarsáide, cé gur as an bpobal sin a tháinig an t-éileamh le haghaidh Teilifís na Gaeltachta an chéad lá. Níor hiarradh ar éinne den dream a chuaigh ar Chnoc Mordáin 6 mbliana ó shoin, le taispeáint don saol mór cé chomh éasca is a bhí sé stáisiún teilifíse a chur ar an aer, a bheith ar an gcoiste. Ach bhí ionadaí ón IFA air agus ionadaí ó eagraíocht lucht gnó air agus daoine eile nach raibh mórán spéise acu sa cheist beag ná mór.

Maidir leis na léiritheoirí príobháideacha sa Ghaeltacht, is breá a leithéid a bheith ann agus tá sé le rá, murach chomh fadradharcach is a bhí Údarás na Gaeltachta cúpla bliain ó shoin nach mbeidís ann. Tá daoine óga den scoth, de bhunadh na

Gaeltachta ina measc, agus más teist ar bith é "Teilifís Pobal", an sraith cláracha a chraoladh le linn an tsamhraidh, cruthaíonn sé go bhfuil an-cumas ag cuid mhaith acu cláracha de ard-chaighdeán a chur le chéile. Tá léiritheoirí príobháideacha in ann cláracha áirithe a dhéanamh chomh maith nó níos fearr ná mar a bheadh foireann bhuanfhostaithe, mar nach mbíonn na laincisí céanna orthu, go minic. Ach tá cláracha eile ann, ar nós spóirt, nuacht, cúrsaí reatha, cláracha beo ag mórocáidí pobal, a dteastódh foireann fostaithe ag an stáisiún lena ndéanamh sa gcaoi is go mbeadh leanúnachas agus freagracht iomlán ann agus le go mbeadh seirbhís don phobal mar chéad chloch ar a bpáidrin.

Tá deacracht eile ag baint le bheith ag brath an iomarca ar na léiritheoirí is na gcomhlachtaí príobháideacha. Níl siad scaipithe go cothrom sa Ghaeltacht. Thart ar an Spidéal is mó atá na léiritheoirí príobháideacha suite sa taobh seo tíre. Is léir óna cláracha a chuir siad le chéile do Theilifís Pobal gur ag breathnú soir i dtreo na Gaillimhe a bhíodar, le haghaidh ábhar na gcláracha ar an gcuid is mó.

Tá fealsúnacht Mhaggie Thatcher le sonrú go tréan san intinn seo faoi nár chóir foireann déanta clár a bheith fostaithe ag an stáisiún. Tá sé i bhfad níos éasca daoine a smachtú, ar ndóigh, má tá siad fostaithe ó lá go lá, ó chlár go clár agus má tá siad ag brath ar fhábhar agus ar chairdeas. Creideann daoine leis an dearcadh Thatcherite seo gur fearr daoine a chur i gcomhlint le cheile ná ag comhoibriú le cheile. B'fhéidir go bhfuil ciall éicint le coimhlint i gcúrsaí gnó, anois is aríst, ach ní chothaíonn an géarchoimhlint i gcás seirbhísí a chur ar fáil don phobal ach aimhreas agus daoine a cur in aghaidh a chéile in áit comhoibriú agus cur le chéile. Ciallaíonn sé freisin go mbeidh sé an-deachair a chinntiú go mbeidh coinníollacha maithe oibre ó thaobh pá de agus ó thaobh am saor, le fáil acu siúd a bheas ag obair ar na gcláracha. Ciallaíonn sé gur lucht gnó, a bhfuil eolas acu ar na scéimeanna agus na scamanna, is fearr a eireos leo. Tá

daoine den scoth ann, a bheadh íontach mar léiritheoirí teilifíse no mar eagarthóirí físe ach nach mbeadh ag iarraidh comhlacht a bhunú ná a reachtáil agus fir/mná gnó a dhéanamh astu féin. An mbeidh áit ar bith ag na daoine sin sa stáisiún seo nó cén seans a bheas acu in aghaidh daoine le taithí maith ghnó? Caithfear a bheith airdeallach fúthu siúd atá ag bogadh isteach sa ghnó seo mar go bhfeiceann siad airgead éasca le déanamh agus nach bhfuil de fhealsúnacht acu ach an méid is mó airgid a dhéanamh ar an mbealach is éasca chomh scioptha agus is féidir.

Ta gné eile den cheist ag déanamh imní dúinn. Tá dream áirithe, a bhfuil *vested interest* acu, an oiread den tionscail teilifíse a lonnú thart ar an Spidéal agus is féidir. Tá an Spidéal th'eis aitheantas a bhaint amach dó féin mar ionad áiseanna teilifíse den chéad scoth, a bhuíochas sin cuid mhaith do Thelegael. Tá roinnt léiritheoirí teilifíse tagaithe chun cónaí sa Spidéal agus gan dabht tá borradh breá faoin áit agus níos mó den Ghaeilge le coisteál sna tithe tábhairne ná mar a bhí le fada an lá agus is maith an scéal é sin. Ach an gcaithfidh chuile shórt a bheith sa Spidéal?

Tá ráfla láidir ag dul thart go bhfuil comhlacht príobháideach ag iarraidh deontas ón Údarás le stiúideo mór teilifíse a thógáil sa Spidéal. Ní dóigh linn go mba chóir go mbeadh príomh stiúideo deantús na gclár do Theilifís na Gaeltachta i seilbh comhlacht príobháideach agus ní dóigh linn go mba chóir a leithéid de áis a thógáil sa Spidéal. Má thógtar sa Spidéal é,



• Gearóid Ó Tuathaigh, an cathaoirleach ar an gCoiste Bunaithe Teilifíse. Tá tuarascáil a choiste i lámha Michael D.

úsaidfear an argóint go gcaithfidh ceannáras an stáisiúin nua teilifíse a bheith in aice leis an bpríomhstiúideo, rud a bheadh ciallmhar. Tá iarracht láidir ar bun an togra seo a bhrú tríd an Údarás, lena chinntiú go mbeidh *fait accompli* ann faoi lonnú an cheannárais. Ach ní ghá don Spidéal a bheith santach mar is cuma cén áit i gConamara a lonnófar an tseirbhís, beidh fás agus forbairt ag tíocht faoi Thelegael, mar theach áise teilifíse. Dhéanfaidh sé maitheas do cheantar eile, dá scaoilfí an ceannáras agus an stiúideo seo siar an bóthar píosa agus dhéanfaidh sé maitheas don tseirbhís dá mbeadh an

ceannáras agus an stiúideo nua seo, suite i gceantar láidir Gaeltachta, ceantar nach bhfuil plúchta ag strainséirí agus ceantar ina bhfuil an Ghaeilge i mbarr réime fós i measc an phobail. Is mó an tseans go mbeadh fíorbhlas na Gaeltachta ar an tseirbhís agus nach mbeadh an oiread deis ag lucht na gcúpla focal, ceannas a thógáil air. Tá lucht na gcúpla focail an chompórdach sa Spidéal. Ní bheidís chomh compórdach céanna siar Conamara píosa. Tá gné eile ar an scéal. Dá mbeadh an stiúideo agus an ceannáras lonnaithe sa Spidéal, is i nGaillimh is mó a bheadh cónaí ar an bhfoireann oibre. D'éirigh le Radio na Gaeltachta a

chinntiú go raibh Gaeilge na Gaeltachta i réim sa stáisiún ón gcéad lá. Bíodh an Teilifís mar a chéile.

Ina alt faoi "Ros na Rún" tarraingíonn Seosamh Ó Cuaig aird ar abairtín a dúirt Lelia Doolan, Cathaoirleach Bord Scannán na hÉireann, san eagrán is deireannaí den iris "Film Ireland". Is fiú an abairt go léir a fhoilsiú: "I think a tremendous number of production companies currently based in Dublin may find - and there is some evidence that they are brushing up their Irish like fury at the moment - that the fax and the telephone work equally well in West ..." Is leor nod!

FORBAIRT POBAIL TEORANTA

An Spidéal

Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara!

Pól Ó Foighil
Teil: 091-83480

TIGH MHÁRTA

Na Minna, Indreabhán

Siopa Grósaera

Teil: 091-93137 Faics: 091-81286

Go n-éirí leis an bPléaraca

Tigh Joe Joe Mac an Iomaire, Tír an Fhia
& Pádraig Mac an Iomaire, Ros a'Mhíl

• SIOPADÓIRÍ •

Grósaera – Beatha Beithíoch
Seirbhís Iomlán Sochraide ar Fáil
Adhlacóirí

Gach eolas ach glaoch ar 091-81127/72130/95022

Gach dea-ghuí ar Phléaraca Chonamara ó



Foras Áiseanna Saothair

GAILLIMH

Teil: 091-67165/51260 Facs: 091-62718


Teach an Oileáin,
Cearnóg na hArd Eaglaise, Gaillimh
&
Ionad Traenála FÁS, Gaillimh

Muintearas

Tógra Oideachais Gaeltachta

Leitir Móir, Gaillimh

Fón: 091-81145/81155/81300 Facs: 81277



Le tacaíocht ó

Údarás na Gaeltachta
Coimisiún na gComhphobal Eorpach
Fondúireacht Bernard van Leer
An Roinn Oideachais
An Crannchur Náisiúnta

Scéim Réamhscoile do Thuilsmitheoirí –
Foilsitheoireacht Téacsleabhair – Scéim
Tacaíochta do Bhunscoileanna –
Scéimeanna don Óige – Mná sa bPobal –
Forbairt Oidhreacht – Oideachas Pobail

Ag obair i gCorca Dhuibhne, Conamara, Muigh
Eo, Tír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta



• Seán Chóilín Ó Cnairde dhá iompar ar ghualainn a chairde, lena athchur faoina fhód dúchais
I Reilig Chill Bhriocáin, Ros Muc, mí Bealtaine seo caite. Beidh comórtas amhránaíochta ar an sean nós do dhaoine óga i
gcuimhne ar Sheán Chóilín, sa gCrannóg i Ros Muc, ar an Déardaoin 16 Meán Fómhair. (Píc. Bob Quinn)

J. Walsh MPSI Cogaslann

An Spidéal
Teil: 091-83201

SEOID

Seoda & Ceardaíocht Marmair

Tuarlach, Ros Muc
Conamara
Teil: 091-74120

Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara 1993

IASC MARA

SPEISIALTÓIRÍ BHIA MARA

IASC MARA TEO.,
Ros an Mhíl
Co. na Gaillimhe

Teil: 091-72136

'Ros na Rún'

- freagra Sheosaimh Uí Chuaig ar alt Antoine Uí Fhlatharta san 'Irish Times'



• Seosamh Ó Cuaig

Duine dinn féin é Antoine Ó Flatharta. As Leitir Mealláin eisean. As Áill na Brún ar an taobh eile den chuan mise. Mar dhuine a chuir go láidir in aghaidh £300,000 d'airgead an Údaráis a chur isteach i 'Ros na Rún' agus mar dhuine a d'eagraigh cuid mhaith den vótáil ina

aghaidh is trua liom go gceapfadh Antoine gur locht ar bith a bhí againn air féin ná ar a chuid oibre mar níorbh ea ná tada mar é.

Ar bhonn prionsabail a chuir muid ina aghaidh i.e. gurb é dualgas reachtúil R.T.É féin a leithéid seo de chlár a dhéanamh agus má tá airgead le spáráil gur cheart é a chaitheamh le lámh chunta a thabhairt do na comhlachtaí Gaeltachta teilifíse atá againn go dtí seo agus le tuilleamh de mhuintir na Gaeltachta a thraenáil ionas gurb iadsan a bheas i mbun agus i mbarr na seirbhíse nua atá ar an mbealach.

Sé RTÉ a íocann mo pháis-se chuile choicís. Tá mé chomh dílis dóibh leis

an gcéad duine eile. Ach má tá is go bhfuil, ní thuigim fós cén fáth a mbeidís ag súil go gcaithfeadh an tÚdarás airgead a chur isteach i sraith a raibh sé cruthaithe go mbeadh éileamh air. Bhí 400,000 duine ag faire ar na cláracha samplacha. Nach sílfeá gurbh leor sin le go gcuirfeadh RTÉ an t-airgead iomlán ar fáil, mar a dhéanfaidís i gcás cláir den chineál céanna i mBéarla?

Ar an taobh eile den scála, chuir na comhlachtaí Gaeltachta atá againn 32 clár ar fáil ar £7000 an clár. Níl aon obair anois arís acu. Gheobhfadh muid 42 clár eile astu ar an £300,000 a bhí i gceist a chur isteach i 'Ros na Rún', sin dá mbeadh muid féin - an


tÚdarás - ag íoc chuile phingin beo ar na cláracha. Dá mbeadh RTÉ sásta a ghabháil 50% sa gcostas linn gheobhfadh muid 84 clár nua ar £300,000.

Agus lena chois sin tá neart daoine le traenáil - thart ar 300 duine breise b'fhéidir. Cé as a dtiocfaidh siad sin mura mbreathnóidh an tÚdarás amach don scéal. Tabhair faoi deara a raibh le rá ag Lelia Doolan ar 'Film Ireland' le gairid. Tá comhlachtaí i mBleá Cliath 'brushing up on their Irish', dúirt sí, agus iad ag fanacht leis an tseirbhís nua teilifíse. Dúirt pearsa cáiliúil eile le gairid gur éasca Gaeilge a mhúineadh do theicneoir ná teicneolaíocht a mhúineadh do Ghaeilgeoir ó dhúchas. Is éasca freisin ar ndóigh más leor dhá fhocailín bhacacha Gaeilge leis na caoirigh a chur thar an abhainn...

Is muide, a Antoine, Indiachaí Dearga na hÉireann. Tá fhios agam go bhfuil staideár déanta

RAPIRE TEORANTA

▪ INDREABHÁN ▪



Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

BEOCHEIST

Ros na Rún will not figure on RTE's autumn schedules. The soap's author, Antoine Ó Flatharta, asks why not

Ros an bhéil bhoicht

THART ar an Nollaig seo caite d'fhair timpeall 400,000 duine ar chlár beag gearr teilifíse. Dráma a bhí ann a chuaigh amach ar feadh 15 nóiméad sé lá na seachtaine. Ar nós chuile thús, ní raibh sé gan locht ach bhí i bhfad Éireann níos mó ceart faoi ná micheart. Tá cuid mhaith cainte tarraingte aige le tamall agus ós rud é gur mise a scríobh *Ros na Rún*, ba mhaith liom cúpla rud a rá faoin scéal. Tá mé ag scríobh drámaí stáitse agus teilifíse i nGaeilge agus i mBéarla le os cionn deich mbliana. Bhí, agus tá mé bródúil as *Ros na Rún*. Ar an gcéad dul síos tá mé bródúil go raibh mé ábalta a leithéid a scríobh. Chuala mé Bob Quinn ag caint ar an raidió agus é ag rá gur drámaíocht éasca leisciúil é an 'soap'. Anois, tá an-mheas go deo agam ar Bob Quinn agus ar a chuid oibre le fada an lá. Sílim gurb é féin agus Derek Jarman i Sasana beirt de na léiritheoirí scannán is taibhsíúla atá ag obair sna hoileáin seo faoi láthair.

Sílim, áfach, go bhfuil dul amú mór air maidir leis an modh drámaíochta seo ar a dtugtar 'soap'. Níl ann ach téarma a clúdaíonn go leor. Agus tá mé ag rá mar scríbhneoir, nár mhaith duit bheith leisciúil agus tú ag tabhairt faoi shraith theilifíse d'aon sórt a scríobh.

Anois, maidir le cinneadh Údarás na Gaeltachta — ba cheart a rá ar dtús nach mbeadh an tsraith seo ann an chéad lá riamh marach chomh fadhbraitheach a bhí cuid de na daoine a oibríonn san Údarás agus a thug chuile thacaíocht le *Ros na Rún* a thabhairt ar an saol. Ach is cosúil nuair a éiríonn go maith le rud sa tír seo gur mó an chontúirt. Is iontach an dream muid ag iarraidh muid féin a choinneáil síos go minic. Is dócha go bhfuil rud éigin le déanamh ag easpa

muiníne leis an rud ar fad. Tá sé seo fíor i mBéarla freisin ach ar a laghad ar bith nuair a mholtar do chuid oibre as Béarla i Sasana nó Meiriceá bíonn glacadh leat sa bhaile ansin.

Thart ar dheich mbliana ó shin bhí raic mhór ann nuair a rinne Bord Scannán na hÉireann cinneadh suim airgid a thabhairt do Neil Jordan leis an scannán *Angel* a dhéanamh. Bhí an tuairim go láidir ann ag an am go mbeadh sé níos fearr roinnt níos mó a dhéanamh ar an airgead seo. Sílim go bhfuil sé cruthaithe ag Neil Jordan ó shin go raibh an ceart ag BSE sa chás seo agus gurbh fearr an tairbhe dúinn ar fad go minic caitheamh go réasúnta le rud agus tabhairt faoi le muinín.

Ar aon nós, bíonn go leor bladhmainn gan ciall ná réasún leis á lua leis an airgead a chaitear ar scannáin. Chuile sheans go bhfuil sé níos costasaí daoine a choinneáil ar an dól go minic ná iad a chur ag obair ar shraith theilifíse. Agus téann cuid mhaith den airgead a chaitear ar scannánaíocht ar ais sa cheantar ina ndéantar an obair, i cás *Ros na Rún* ceantar an Spidéil. Ní raibh fiú mar sin an peaca mór faiscanta sin, "tá an t-airgead ar fad ag dul go Bleá Cliath" ag tarlú.

Agus mé ag caint faoin abhar sin is é mo thuairim go bhfuil an dearcadh seo ar Bhaile Atha Cliath mar bhaile an diabhail imithe beagán róshada. Is as Leitir Mealláin mise agus tá mé i mo chónaí i mBaile Atha Cliath mar gheall go dtaitheann sé sin liom. Mar gheall ar an sórt oibre a dhéanaim d'fhéadfaí dul ar ais go Conamara amárach dá mbeinn ag iarraidh. Ach nílím. Ní mar gheall go bhfuil aon drochmheas agam ar an gceantar inar rugadh is ar tógadh mé ach mar gheall gur fearr liom saol cathrach.

Ní thugtar leathoiread moladh do háilleacht chathrach. Is i gcathracha a tharla beagnach gach gluaiseacht shóisialta a thug dul chun cinn don chine daonna. Tá fhios agam gur tharla go leor drochrudaí i gcathracha freisin.

Nach fada an rud seo ar fad ó *Ros na Rún*, deir tú. Is i an thírinn nach fada agus sin é an fáth a bhfuil mé ag scríobh an phíosa seo. Dá mba rud é go raibh mise i mo chónaí thiar i gConamara agus mé mór leis na daoine cearta gach seans go mbeadh mo 'streetcred' níos fearr i suile daoine áirithe. Bheadh *Ros na Rún* níos 'homegrown' mar gheall go mbeinn i mo chónaí go fisiciúil san áit.

Níor cheart dúinn faitíos a bheith orainn tabhairt faoi chuile shaghas agus réimse clár. Dá mbeadh an díospóireacht agus na sceana sa droim thart nuair a thosaigh rudal ar nós *Glenroe* ní bheadh seans aige. Nach bhfuil sé forónta go mbeadh sé céad uair níos éasca dul ar aghaidh le *Ros na Rún* dá mbeadh sé i mBéarla agus *Ros na Rún* air. Dá ndéanfaí i mBéarla é ní bheadh ach clai amháin le caitheamh, breith an phobail a fhaireann air.



• Antoine Ó Flatharta

agatsa ar chuid de na reservations i Meiriceá. Chaith mé féin Lá Fhéil' Pádraig na bliana seo caite in éineacht leis na 'Sioux', mar a tugadh orthu ar reservation Sisseton i South Dakota. An cheist mhór atá le socrú faoi 'Theilifís na Gaeltachta' arb iad Indiaigh na Gaeltachta a bheas i gceannas nó an bhfágfar faoi na 'Agency Men' é. Maidir le tábhacht na cathrach ní hé Washington príomh-áras na Sioux - Wounded Knee, déarfainn - agus ní hé Bleá Cliath príomhchathair an náisiún bhuailte arb iad Gaeilgeoirí dúchais na hÉireann é.

Ar aon chaoi is féidir a ghabháil ró-fhada le tábhacht cathrach. Ní i gcathair a bhunaigh Mao-tze-Tung a chumhacht ná Íosa Críost ach oiread. Ní sa gcathair a bhailigh Fidel Castro cumhacht chuige féin

agus tá sé ann fós. (Tá súil agam go mbeidh freisin).

Ach fillfidh muid ar 'Ros na Rún'. Ná cuirtear locht ar Bhord an Údaráis má tugadh le tuiscint do dhaoine a bhí le ghabhail ag obair ar 'Ros na Rún' - aisteoirí cuir i gcás - go bhféadfaí a bheith cinnte go mbeadh airgead an Údaráis ar fáil, sin sula raibh sé pléite ag an mBord chor ar bith.

Agus seo fíric thábhachtach eile: níl ionad do Cheannáras Theilifís na Gaeltachta socraithe fós agus ba mhaith go dtuigfí anois go bhfuil daoine ina gcónaí freisin idir an Spidéil agus Leitir Mealláin, gan trácht ar Ros Muc, Cill Chiaráin, Cárna srl..

Mar bhuille scoir, ná bíodh imní ar bith ort faoi do 'streetcred' i gConamara, a Antoine - chomh fada agus is eol domsa tá sé thar cionn. B'fhearr liom go bhfillfeá ar an 'reservation' ar ndóigh ach mura bhfillfidh féin tá súil agam go mbeidh tú ar fáil i gcónaí mar scriptscríbhneoir do Theilifís na Gaeltachta. Sé do leithéide atá ag teastáil.

Pádraig Ó Conghaile

• SIOPADÓIR •

Comus Uachtar, Comus, Co. na Gaillimhe

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Fón: 091-51862
Facs: 57454

MHL

Bóthar Thuama
Gaillimh

MORAHAN & HUGHES LTD.

Earraí Tógála, Pluiméireachta & Teasa

*Déan do mhacnaimh
agus do mhacnas
agus do phléaraca
i seomra foletta
feistithe le
dea-earraí
Morahan & Hughes.*

ACM ROOFING

Carna, Conamara Fón: 095-32251 Facs: 095-32341

*Saineolaithe Prolifisúnta
& Conraitheoirí Díonta
Saineolaithe ar Frámaí
Cruaiche Folrghnimh*



Tá ACM i mbun oibre le os cionn 20 bliain.

Oibríonn muid i ngach uile áit
ar fud na tíre.

Bheadh áthas ar Shéamas Breathnach
comhairle agus luacháil a thabhairt ar obair.

An Braon Anuas? ... Glaoigh Orainn
Áras gan ceann? ... Glaoigh Orainn
Fráma Cruach Folrghnimh? ... Glaoigh Orainn

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!



• Mary Joe Tommaí agus a huncail Peadar Tommaí Mac Donncha, ag oscailt Thaispeántas Charles Lamb ag Pléaraca na bliana seo caite

MUINTEARAS & EUROFORM

Caomhnú Scileanna Oidhreacht agus Forbairt Thurasóireacht Chultúrtha



• Gráinne Seoighe (ar dheis) agus Cristín Ní Chonchúbhair ag seoladh an taispeántais 'Go mBeirimid Beo Ar An Am Seo Arís'. Tá Gráinne ar dhuine de na hoiliúnaithe ar an gcúrsa Euroform. Tá Cristín ag cuidiú leis an traenáil fístéipe.

Cuireadh tús leis an gclár traenála 'Caomhnú Scileanna Oidhreacht agus Forbairt Thurasóireacht Chultúrtha' faoi scáth Mhuintearais, an Togra Oideachais Gaeltachta i Mí Deireadh Fómhair 1992. Tá an clár airgeadaithe ag Ciste Euroform an Chomhphobail Eorpaigh agus ag Údarás na Gaeltachta.

Tá sé le tuiscint ó teideal an chlár traenála gur ag plé le caomhnú na hOidhreacht agus forbairt na turasóireachta atá an clár. Duine ar bith a bhfuil eolas acu ar obair Mhuintearais ó bunaíodh an eagraíocht sin i dtús na hochtóidí, tá fhios aige go raibh Muintearas i gcónaí saite i gcúrsaí oidhreacht.

Cuireadh tús leis an obair seo i gCeantar na nOileán, áit a bhfuil an togra oideachais lonnaithe. Trí teangmháil le muintir an cheantair agus trí buntáiste a bhaint as scéimeanna traenála cosúil le scéimeanna FÁS, cuireadh le chéile bailiúchán de sheanchas, stair áitiúil, seandoiciméidí, seanghriangrafanna, seanoirnis a bhíodh ag na daoine ag

saothrú a mbeatha. Bíonn sé seo ar fad ar taispeántas ag Muintearas san Samhradh. Léiríonn muintir na háite agus turasóirí an-spéis ann, go háirithe an dream a bhíonn sa mbaile as Meiriceá, Sasana agus áiteacha eile ar laethanta saoire an tSamhraidh. Reachtaíleadh comórtais Fios Feasa bunaithe ar sheanchas áitiúil do dhaoine fásta. Reachtaíleadh comórtais béaloidis sna scoileanna. Seoladh féilire bunaithe ar oidhreacht na háite chuile bhliain ó 1988. Déanadh suas seanbhalla teampaill ar an tSeanbhaile i mBaile na Cille agus bailíodh an béaloideas a bhaineann leis. Bhíodh daoine i gconáil ag teacht ag cuartú cóipeanna seanghriangraf-

anna agus is iomaí iris agus le deireanaigh fístéip, a tháinig amach a raibh cuid de na griangrafanna seo le feiceáil.

Bheartaigh an Togra Oideachais gur mhaith an rud an cineál oibre seo a bhí ar bun i gCeantar na nOileán a leathnú chuig pobail eile i gConamara agus sin é an úsáid a baineadh as an gCiste Euroform. Tá dáréag oiliúnaí anois ag traenáil as na ceantair a leanas, beirt ó Charna, duine as Cill Chiaráin, duine ó Chorr na Móna, beirt ón gCeathrú Rua, beirt as Ros Muc, duine as Gleann Trasna, Camus, duine as Inis Mór, agus beirt as Ceantar na nOileán. Cúrsa traenála bliana a cuireadh ar fáil agus is gearr go mbeidh sé seo críochnaithe anois.

Le linn an chéad téarma, ó thús Mí Deireadh Fómhair go dtí Mí na Nollag, tugadh réamhchúrsa traenála dóibh seo i láthair traenála Mhuintearais. Tugadh isteach saineolaithe chun labhairt leo faoina réimsí éagsúla den Oidhreacht shaibhir atá le fáil sa nGaeltacht. Bhí na saineolaithe seo roinnte idir lucht acadúil óna hinstitiúidí léinn agus na saineolaithe áitiúla, sin iad na seanchaithe a bhfuil aithne mhaith orthu ina gcuid pobail féin agus a bhfuil fhios go bhfuil riar mhaith eolais coinnithe ina gcloigeann acu faoin saol mar a bhí. Chomh maith leis seo tugadh agus táthar ag tabhairt fós, traenáil i scileanna nua-aimseartha do na hoiliúnaithe ríomhaireacht, ag déanamh fístéipe, eagarthóireacht Ghaeilge, scileanna cumarsáide, forbairt thurasóireachta.

Ón Nollaig seo caite, tá na hoiliúnaithe ag bailiú ábhair ina gcuid ceantair féin agus tá ag éirí go maith leo. Déanann siad freastal rialta ar an láthair traenála agus cuirtear blocanna traenála ar fáil sna



• Cuid den ghrúpa ó chúrsa Euroform Mhuintearais a chaith coicís in Albain. Tá ceathrar acu anseo in éineacht lena gcairde ón taobh thall.

réimsí éagsúla scileanna de réir mar a bhíonn an clár ama leagtha amach.

Is gné thábhachtach de na cláracha atá airgeadaithe ag an gComhphobal Eorpach é ceangal a dhéanamh le tograí nó grúpaí eile i mballstáit an Chomhphobail. Caithfidh an ceangal seo a bheith bunaithe ar thraenáil, malartú eolais nó taithí oibre. Siad na páirtneirí atá aimsithe go dtí seo faoin gclár traenála Oidhreacht ná Edinburgh Media & Arts Training Trust in Albain agus Centre Europeu Del Patrimoni i mBarcelona na Spáinne. Tá E.M.A.T.T. ag cur traenáil ar fáil i léiriú físteipe agus leagan amach ábhair. Cuireann an grúpa i mBarcelona traenáil ar fáil do dhaoine agus institiúidí atá sáite i ngnóthaí Oidhreacht agus Turasóireacht.

Chaith seisear de na hoiliúnaithe agus teagascóir coicís ag traenáil in Edinburgh í rith na Cásca seo caite. Cuireadh traenáil ar fáil dóibh i leagan amach ábhair ar ríomhaire agus i ndéanamh físteipe. De thoradh na traenála seo agus an traenáil a bhí déanta acu ag baile roimhe sin, seoladh iris 'Tiachóg' agus físteip 'Mórtas Cine' ag tús an tSamhraidh. Beidh beirt de na teagascóirí ag dul go Barcelona í Mí Deireadh Fómhair le haghaidh tuilleadh oiliúna ins an ngné bainistiú oidhreacht. Bíonn an cúrsa

oidhreacht agus na páirtneirí Eorpacha i dteagmháil le chéile go rialta ag plé forbairt a gcuid tograí agus malartú tuairimí. Le linn an tSamhraidh reachtáileadh taispeántas oidhreacht speisialta dár dteideal 'Go mBeirimid Beo ar an Am seo Arís'. Sé Mick Lally an t-aisteoir a sheol an taispeántas. Tá an taispeántas seo bunaithe ar shéasúir na bliana agus na féilte agus na nósanna a bhain leo. Tá sé thar a bheith spéisiúil agus táthar ag tabhairt cuireadh do scoileanna náisiúnta Chonamara a theacht ann le linn an Phléaráca.




• Máire Uí Dhonnacha, Marie Ní Fhlatharta agus Brídín Ní Dhonnacha ag seoladh an taispeántais 'Go mBeirimid Beo Ar An Am Seo Arís'

Is breá le Muintearas tríd an togra oidhreacht ceangal a bheith acu le chuile aois-ghrúpa. Ag tús an tSamhraidh chomh maith, reachtáileadh cúrsa seoltóireachta ar Ghleoiteoga do dhaoine óga idir 18-25. Ba i gcomhar le Cumann Huicéirí na Gaillimhe a déanadh é seo agus d'éirigh thar cionn leis.

Tá súil againn a leithéid a reachtáil arís an bhliain seo chugainn. Tríd an gclár Euroform seo táimid i dteagmháil leis na coistí forbartha agus comharchumainn ins na ceantair ar as na hoiliúnaithe, le iad a choinneáil air an eolas faoin gcúrsa agus an cineál oiliúint atá ar fáil do bhaill an phobail. Tá súil faoi dheireadh a dtréimhse traenála go n'aimseoidh na hoiliúnaithe fostaíocht ins na réimsí ina bhfuil siad ag fáil traenáil iontu. Tá tábhacht mhór leis an ngné Oidhreacht sa bhforbairt Thurasóireacht Chúltúrtha i gConamara agus sna Gaeltachtaí eile. Is fearr go mbeidh daoine oilte chuige má tá an fhorbairt chun tarlú.

Níl muid ach ina thús. Tá súil ag Muintearas leanacht lena gcuid oibre i gcaomhnú na hOidhreacht. Ba deis mhaith a bhí ins an gciste Euroform méid áirithe a bhaint amach ach tá go leor le baint amach fós. Tá súil againn buanadas a chur faoin obair seo agus seirbhís a chrúthú don phobal idir muintir na háite agus na turasóirí.



• 'Lá Tobar Cholmcille i Ros an Mhíl'. Tá an ghrianghraf seo le Terry Russell le feiceáil mar chuid den taispeántas Oidhreacht na nOileán - 'Go mBeirimid Beo Ar An Am Seo Arís'.

Go n-éirí go geal leis an
bPléaraca

ó



Taibhdhearc na Gaillimhe

- Amharclann Náisiúnta na Gaeilge •

An tSráid Láir, Gaillimh
Oifig: 091-62024 Faics: 091-63195

Le gach dea ghruí ó
Colm Ó Mainnín

An Garáiste, Ros Muc
Seirbhís Iomlán Garáiste
091-74113

TIGH MHUIRÍ

Na hAille, Indreabhán Teil: 091-93386

**Ollmhargadh • Bláthanna • Diosal
Deisiú Boinn
Páirteanna do Charranna**

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!



• An raibh tú ann?
Tigh Darby, Béal an Daingean, deich mbliain ó shoin.

Ola Mhac an Rí (King Oil)

*Guímid gach rath agus sonas ar
Phléaraca Chonamara*

Gach cineál Ola againn:

**AUTO DIESEL • GAS OIL •
KERESENE agus LUBRICANTS
ar phraghas réasúnta**

HOSES • GAUGES • FITTINGS srl

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-93210 Fax: 091-93210

Tabhair tacaíocht do do ghnó áitiúil



Máirtín Standún Teo

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-83102/8

*Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid siopadóireacht tré
Ghaeilge sa nGaeltacht.*

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca



• Tom Phaidí Mac Diarmada ag inseacht scéil le linn Pléaraca Chonamara anuraidh i Scoil na hAirde.

"CAN YOU TELL ME WHERE IS GREENHILL?"

"Can you tell me where is Greenhill?" a d'fhiafraigh an fámaire Poirtingéileach díom an lá cheana. "There is no such place around here" a deir mé féin leis. "But the address of my Bed and Breakfast..." ag taispeáint ainm teach lóistín dom i mbróisiúr de chuid Bord Fáilte - "Ah, its Cnocán Glas you're looking for - you'll see that name on a stone sign on the main road." Níor thuig sé féin cén fáth nach mbeadh an seoladh ceart i leabhrán Bhord Fáilte - ach cén fáth an dtuigfeadh? Stríopachas nua turasóireachta atá i leithéidí an 'Greenhill' seo. Ní raibh an tainm sin luaite ar mhapa ar bith riamh.

Seafóid eile atá forleathan ná ag tabhairt leaganacha ar nós *Kellough, Ballywilliam, Rossaveal, Costelloe* srl., do na turasóirí, nuair is Coilleach, Baile Liam, Ros an Mhíl, Casla srl., atá greanta ar na comharthaí bóthair agus in úsáid ag an bpobal ó lá go lá. An ag iarraidh na turasóirí bochta a chur amú atá muid?

Ar ndóigh, tá fadhb eile ann. Sa bhliain 1970 chuir Caoimhín Ó Beoláin Acht tríd an Dáil ag riailiú gurb iad na logainmneacha Gaeilge amháin a bheadh ar fhógraí bóthair na Gaeltachta as sin amach. Bhí go maith - ach amháin nár déanadh an socrú céanna faoi léarscáilíocht na tíre. Cé go bhféadfaí a rá go raibh a chroí san áit cheart ag an mBeolánach, dhéarfainn féin, gur mar gheall ar an slad a bhí á dhéanamh ag lucht na gCearta Sibhialta ar chomharthaí bóthair na Gaeltachta le tamall de bhlianta roimhe sin faoi ndeara cinneadh an Bheolánaigh. Níorbh éasca an agóid chéanna a dhéanamh in aghaidh mapai na tíre.

Cheapfadh duine ar bith a bhfuil leath splanc céille ina cheann go luífeadh sé le réasún go mbeadh an leagan de logainm ar bith ar mhapaí

Gearóid Ó Murchú

Cheapfadh duine ar bith a bhfuil leath splanc céille ina cheann go luífeadh sé le réasún go mbeadh an leagan de logainm ar bith ar mhapaí náisiúnta na tíre ar aon dul leis an gceann ar bheadh ar an gcomhartha bóthair áitiúil - nó cén fáth an mbíonn mapai agus comharthaí bóthair ann ar chor ar bith? Ach ní mar a shíltear bitear....

náisiúnta na tíre ar aon dul leis an leagan ar bheadh ar an gcomhartha bóthair áitiúil (nó cén fáth a mbíonn mapai agus comharthaí bóthair ann ar chor ar bith?) ach ní mar a shíltear a bitear.

Is sa mbliain 1824, a bhunaigh Rialtas na Breataine, Suirbhéireacht Ordonáis na hÉireann, chun mionmhapaí a dhéanamh ar an tír ar fad, ar mhaithe le luacháil talún agus cíosanna a shochrú. Is ón uair seo a thagann na bunmhapaí 6 orlach agus 25 orlach atá fós in úsáid inniu, ar a bhfuil gach garraí, sruthán agus carraig féin breactha go cruinn.

Thart ar an am céanna a tosaíodh ar bhailiú logainmneacha do na mapai seo. Scoláirí Gaeilge a bhí i roinnt de na daoine a bhí i mbun an bhailiúcháin seo, ach caithfear cuimhneamh gur beag de na logainmneacha a bhí breactha síos in áit ar bith roimhe sin, agus b'é polasaí an stáit, ag an am, go mbreacfaí síos fuaimeanna na logainm i bhfoghraíocht Bhéarla Shasana. Cé go bhféadfaí a rá gur tháinig siad gar don bhfoghraíocht ceart i roinnt dá gcuid leaganacha,

níor chuir siad suntas ar bith san mbrí nó san stair a bhain leo. Mór an t-ionadh nach ndearna siad aistriúcháin glan orthu, sa chaoi is go mbeadh muid ag caint ar *Hospital, Red Quarter, Pigspoint* (nó cibé ar bith brí a bhainfí as) in áit *Spiddal, Carraroe* agus *Rosmuck*, mar a úsáidtear go minic sa lá atá inniu ann.

Ach tá os cionn 150 bliain caite ó bailíodh na hainmneacha seo don gcéad uair. Tá Rialtas dár gcuid féin againn le 70 bliain agus tá an Ghaeilge fós á labhairt mar theanga pobail i gConamara. Cibé ar bith faoin gcuid eile den tír, tá na bunleaganacha de logainmneacha an cheantair seo fós in úsáid ó lá go lá. Siad seo na leaganacha a bhfuil croí agus anam an phobail iontu. Cén fáth mar sin, an nglacann muid le leaganacha *gobbledeegook* an oifigiúlachais. Tugann daoine leaganacha Béarla orthu - ach ná bíodh dul amú orainn faoi seo, ní Béarla ná Gaeilge iad - níl iontu ach *phonetics*, agus droch fodharaíocht aige sin. (Ní chiallaíonn 'Cloghernagunn' tada níos mó don stráinséar ná mar a chiallaíonn 'Clochar na gCon').

Taobh amuigh den Údarás agus de Roinn na Gaeltachta, tá na Ranna Stáit céanna ag plé leis an nGaeltacht is atá leis an gcuid eile den tír, ach cé mhéid acu a aithníonn nó a d'aithin riamh gur áit faoi leith í an Ghaeltacht. Tá a fhios againn uilig, má tá muid ag cur isteach ar chead pleanála do Choill Rua Thiar gurb é *Kilroe West* a bhéas in úsáid ag an gComhairle Chontae. Chuala muid ar fad an scéal faoin bhean óg ins na hAille, ar tháinig tinneas clainne uirthi roimh am, agus ar diúltaíodh ar dtús otharcarr di mar gheall ar go raibh a seoladh i nGaeilge, rud a chiallaigh gurb éigin di an leanbh a bhreith sa mbaile. Is amhlaidh atá an

scéal ag an ESB, Telecom Éireann, an Post, an Roinn Leasa Shoisialaigh agus chuile dream eile.

Is iad na mapai an leithscéal atá acu ar fad ar ndóigh.

ACHT NA LOGAINMNEACHA

Is é an tSuirbhéireacht Ordonáis, an tÚdarás oifigiúil léarscáilíochta in Éirinn, ach cé gur bunaíodh Rannóg na Logainmneacha faoin a dhéin i 1956, chun socrú ar bhunleaganacha logainmneacha na tíre, níor socraíodh riamh ar na leaganacha seo a úsáid ar na mapai. I 1973 ritheadh 'Acht na Logainmneacha', Acht a thugann tús áite, ó thaobh an dlí de, do na leaganacha Gaeilge (go háirithe de na ceantacha poist). Mar sin féin, caithfidh gur déanadh dearmad ar é seo a inseacht don Suirbhéireacht Ordonáis. I bhfoirliónadh san 'Irish Times' 25/5/93, deirtear gurb é polasaí na suirbhéireachta "to make all mapping bilingual" (ag glacadh leis gurb í an

Thaispeáin Tim Robinson

dúinn céard is féidir a

dhéanamh ó thaobh mapai sa

gceantar seo agus fiú tá Rialtas

na Breataine chun tosaigh

orainn - tá léarscáil dhá

theangach iomlán (le túsáite

tugtha don Ghaeilge) déanta

acu de thuaisceart na tíre.

Bhéarla an teanga eile). Tagann seo leis an bhfreagra a fuair Cóstá Chonamara ón S.O. i 1991 ag geallúint go mbeadh an tsraith nua léarscáileanna 1:50,000, a bhí á n-ullmhú acu, dhátheangach go hiomlán.

Foilsíodh roinnt de na mapai sa tsraith seo ó shin, agus is fíor go bhfuil níos mó ainmneacha Gaeilge orthu ná mar a bhíodh go dtí seo, le heisceacht suntasach amháin. Ag tús

1993 foilsíodh an mapa de Ghaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí agus an gcreidfeá - níl oiread agus logainm amháin Gaeilge air. Tá mapa 1:50,000 Conamara á ullmhú faoi láthair - an féidir a chinntiú nach mbeidh an scéal amhlaidh ar sin.

Thaispeáin Tim Robinson (Sasanach) dúinn céard is féidir a dhéanamh ó thaobh mapai sa gceantar seo agus fiú tá Rialtas na Breataine chun tosaigh orainne - tá léarscáil dhá theangach iomlán (le túsáite tugtha don Ghaeilge) déanta acu de thuaisceart na tíre.

Duine ar bith a bhfuil spéis aici/aige tabhairt faoi stádas na logainmneacha Gaeilge i gConamara a chur ina cheart, ba bhreá liom go dtiocfadh sé/sí i dteagmháil liom. Idir an dá linn, b'fhiú scríobh ag an Suirbhéireacht Ordonáis lena chinntiú go mbeidh na hainmneacha ar mhapaí Chonamara aonteangach



• Cuid den chomhlúadar a bhí bailithe isteach ag oíche scéalaíochta agus seanchais a eagraíodh i Scoil na hAirde anuraidh, le linn an Phléaráca.

An tÉireannach 1934-37: Páipéar In Aghaidh Stuif

le Éamon Ó Ciosáin

Deir údair mhóra gurb é *Inniu* an chéad nuachtán seachtainiúil Gaeilge a dhírigh ar chúrsaí nuachta seachas ar ghnóthaí na Gaeilge. Ach bhí páipéar eile ann roimhe, a foilsíodh i mBaile Átha Cliath gach uile Shatharn ó Mheitheamh 1934 go Feabhra 1937. Rinne an nuachtán *An t-Éireannach* léirmheas géar ar imeachtaí Hitler, Mussolini agus deachtóirí eile. Ba mhar a chéile an pholaitíocht a bhí le brath taobh thiar de agus an pholaitíocht a chleacht an Chomhdháil Phoblachtach (Republican Congress), comhdháil de ghrúpaí ceardchumann, de shóisialaithe agus de Phoblachtóirí sóisialacha (1934-36). Bhí difríocht mhór eile idir *An t-Éireannach* agus *Inniu*, agus b'shin gur

'... cainteoirí dúchais na daoine a bhailigh Seán Beaumont le chéile mar scríbhneoirí don pháipéar seo agus le cuidiú leis ar dhóigheanna eile'.

mar a scríobh an t-iriseoir Cathal Ó Tuathail agus é ag fógaireacht an pháipéir nua i 1934.

B'fhurasta sin a aithneachtáil ar leathanach tosaigh an pháipéir. Tugadh 'fear mór blaghrúch agus boghséarachta' ar an Dr. Goebbels i 1936. Tharla 'Máthair Ghuir sa Spáinn' an bhliain chéanna nuair a thosaigh Cogadh na Spáinne. (D'imigh triúr a raibh baint acu le *An t-Éireannach* sall ag troid ar thaobh na Poblachta: Proinsias Ó Riain, Éamon McGrotty as Doire, agus Eoghan Ó Duinnín, údar *La Niña Bonita* agus an *Róisín Dubh*). Ba mhinic 'Cúrsaí na hEiríope ina mBraing' mar a scríobh Seán Ó Cathasaigh as Carna, agus tá an bhail chéanna orthu aríst. (Féach cliseadh na Náisiún Aontaithe anois,



• Grianghraf a tógadh i gCois Fharraige sna 1930idí de dream a raibh baint acu leis *An Éireannach*. Ó chlé: Gearóid Ó Broin, Mícheál Ó Maoláin as Árinn, Tomás de Bhaldraithe, Seosamh Ó Cuinneáin agus Pádraig Ó Finneadha.

sách cosúil leis an mbail a bhí ar Chonradh na Náisiún sna 1930idí). Bhíodh 'an Fhrainc ag cur a cosa uaithi', giollaí Hitler ina 'madraí dúchais', 'An tSeapáin á gróigeadh féin suas' agus a mhacasamhail de chainteanna breátha go gáifeach ar bharr na n-aistí.

Muintir na nGaeltachtaí a scríobh bunáite mór an ábhair ann. Sna Gaeltachtaí ba mhó a bhí lucht a léite: i gConamara agus in Árinn, i dTír Chonaill agus i Rinn Ó gCuanach. Is maith a d'fhéad bunaitheoir an pháipéir, Seán Beaumont a mhaíomh i 1937:

'... we have what no other Irish paper ever had, a circulation in the Gaeltacht'.

'Fear a' bháinín an fear ar fónamh i saol na hÉireann'

—Seán Beaumont

Nuachtán a scríobh daoine ón nGaeltacht do mhuintir na Gaeltachta a bhí in *An t-Éireannach*, agus

bhí a shliocht air. Ba nós 'gearradh a chur sa gcaint agus cior dá réir a chur ina dhiaidh sin uirthi', mar a scríobh Seán Ó Cathasaigh. Bhí tóir ar a leithéid agus bhaineadh daoine sásamh as. Cérbh ionadh sin nuair ab iad an dream ar thug Máirtín Ó Cadhain na 'Democrat-Ghaeilgeoirí' orthu a chuireadh a mbarúil faoin saol os ard ann. Peadar Neill Ó Domhnaill as an gCeathrú Rua a bhí i gceist ag an gCadhach leis an ainm sin, agus bhíodh aistí agus litreacha gearánacha ag Peadar ar *An t-Éireannach*. Scríobhadh Mícheál Ó Maoláin as Árinn ann, (fear mór de chuid an ITGWU agus duine de lucht leanúna Jim Larkin). Is ar an bpáipéar a foilsíodh óráidí Mháirtín Uí Chadhain agus na conspóidí a raibh sé páirteach iontu, ar nós 'Fianna Fáil agus an Ghaeltacht' tráth ar éirigh cogadh na mbó maol idir é féin agus Criostóir Mac Aonghusa faoi pholasaithe an rialtais ag an am. Ní raibh *An t-Éireannach* i bhfad ar bun nuair a fógraíodh go raibh 'Claidhe na Muice Duibhe ar Mhuintir na Gaedhealtachta', an áit ar thug an Cadhnach óráid uaidh ar an gCeathrú Rua, Lúnasa 1934, agus an ráiteas sin ann. Ar *An t-Éireannach* a foilsíodh an chaint. Is ann freisin a cháin sé 'scilling ghágach' an dole. Ar ndóigh bhí nathadóirí nach é ag scríobh don pháipéar. Ba mhaith ab fhiú scrúdú a dhéanamh ar a raibh i gcló ann agus iarracht a dhéanamh cuid den chaint chraicneach chéanna a chur ar pháipéir Ghaeilge na linne seo seachas an Ghaeilge a chodáil amuigh a bhíos le léamh iontu go rómhinic.

Ba iad gnáthmhuintir na Gaeltachta ba mhó a bhí ar intinn lucht an pháipéir. Rud nua a bhí ann dá bhrí sin. Ba mhinic Conradh na Gaeilge agus an rialtas cáinte faoina n-easpa suime i gceist na Gaeltachta. Go deimhin, dúirt Mícheál Ó

Maoláin ar *An t-Éireannach* gur chosúil gur thábhachtaí ag Conradh na Gaeilge smeadar beag Gaeilge ar bhusanna Bhaile Átha Cliath ná gach a raibh de dhaoine óga ag tréigean na Gaeltachta le dhul ar an imirce. Dá réir sin ba mhinic i bhfad a luaití Conradh na Náisiún ná Conradh na Gaeilge ar an bpáipéar. Sa nGaeltacht a bhí ceist na teanga le troid, agus thar aon rud eile chaithfí muintir na Gaeltachta a shaoradh ón anró, ón 'ionglach agus meirse ar páighe' mar adúirt an páipéar, agus a gcearta a thabhairt dóibh. Ba bheag seachtain a théadh thart nach mbíodh tuairisc nó gearán ar an bpáipéar faoin imirce a bhí ag marú na Gaeilge. Mar adúirt siad féin, bhí scéal an ghamhna bhuí déanta ag *An t-Éireannach* dhe. Ach b'shin a raibh de thairbhe ann dó. Ba é croí-lár an scéil gur

'... dí-náireach an mhaise dhúinn a bheith a' trácht ar an nGaedhealtacht, ar Ghaedhilge ná ar Ghaedhealachas agus druim díbeartha dá chur ar an dream a chothóchadh agus a choinneochadh iad'.

Tuige An t-Éireannach?

Dream réabhlóideach, lucht gnímh praiticiúil a bhí sna daoine a bhunaigh an páipéar. Is é an chaoi gur gheall De Valera do Choiste Gnótha Chonradh na Gaeilge i 1930 go mbeadh a pháipéar (*Irish Press/Scéala Éireann*) faoi Ghaeilge uilig gach Sathairn. Cé go raibh roinnt Gaeilge ar an *Irish Press*, níor comhlíonadh an gheallúint, agus chrom lucht an Chonartha ar *An Claidheamh Soluis* a fhoilsiú in athuair. Theip orthu agus tháinig lagtrá sa mbliain 1934 nuair nach raibh d'irisí Gaeilge ar an bhfód ach *Ar Aghaidh* agus *An tUlltach*. Bhailigh Seán Beaumont, oifigeach gairm-oideachais Preisbitéireach, foireann daoine le tabhairt faoi pháipéar ar ardchaighdeán a chur amach. Páipéar nuachta ceart: mar adúirt Peadar O'Curry, iriseoir a chuidigh leis, 'it was a real paper'. Bhí beirt bhunaitheoir eile ann, scoth scríbhneoirí Chonnachta. Tomás Ó

Flatharta as Árinn, deartháir le Liam Ó Flatharta a raibh 22 bliain caite i Meiriceá aige ag obair agus ag scríobh do ghluaiseacht an lucht oibre, mhol sé do Bheamont dul i mbun gnímh agus páipéar bíogach a chur ar an saol. Ba Chumannach an Flathartach, agus chuaigh sé le muintir Trotsky tar éis 1928. Ba é a scríobh *Aranmen All* agus *Cliffmen of the West*, agus ba dheas uaidh gearrscéalta Gaeilge a scríobh do *An t-Éireannach*. Bean chumasach agus sárcheoltóir atá ligthe in ndearmad roinnt, Sorcha Ní Ghuairim, as Roisín na Maithneach i gCarna a bhí ina heagarthóir lánaimsireach sa deireadh. Bhí sé ag luí le réasún go

mbeadh an páipéar tréithiúil de bharr tuiscint Shorcha don dúchas, dearcadh neamhleithscéalach an Fhlathartaigh faoi chúrsaí polaitíochta, agus cur chuige Bheamont, a rinne an jab gan aon ghaoltaireacht ach a dhul go bun an angair, ar nós Phrotastúnaigh eile Chonradh na Gaeilge fadó. Ba é Beaumont é féin a d'íoc na fiacha móra a rinneadh in imeacht na dtrí bliana.

Nuacht áitiúil don chéad uair

Ba ghearr a bhí an páipéar ar bun gur scríobh Tomás Ó Flatharta alt





• Máirtín Ó Cadhain ag tabhairt oráide 'Claidhe na Muice Duibhe ar Mhuinntir na Gaedhealtachta' ag Feis na Ceathrún Rua, Lúnasa 1934. Cuireadh téacs an óráide i gcló san Éireannach.

nuachta as Árann ag cáineadh an dream a shíl go 'millfí' muintir Árann le compord agus ag cur síos ar Bhéarla an tsagairt pharóiste. Bhí sé ina raic faoin tuairisc, ach ba é an toradh ab fhearr ar an obair gur spreag sé daoine eile le scéalta nuachta a chur isteach. Bhíodh beagán seanchais iontu i dtosach, ach mar adúirt an chéad eagarfhocal ariamh ar *An t-Éireannach*, bhí ré an tseanchaí caite. Nuacht áitiúil den chineál a chraoltar ar Raidió na Gaeltachta anois a bhíodh sna tuairiscí. Chuir síos ar obair na mbóithre, ar an 'dole', cigirí, imirce agus cuairteoirí, ar anró agus drochaimsir an gheimhridh ar na hoileáin. Bhíodh tuairiscí speisialta ann ó 'Mhuinntir na Gaedhealtachta', an eagraíocht a chuir an feachtas ar bun le brú a chur ar rialtas De Valera daoine a aistriú go Condae na Mí. D'oibrigh an eagraíocht agus an páipéar as láimh a chéile, nó ba sheanchairde Beaumont agus Seán Ó Coisdeala. Bhí dóchas ag *An t-Éireannach* go ndéanfadh 'Muintir na Gaedhealtachta' páirtí polaitiúil díobh féin, ós rud é nach raibh aon pháirtí eile dáiríre faoi Ghaeltacht ná faoi Ghaeilge.

Ba mhór i gceist an deolchaire,

mar a thugtaí ar an 'dole', sna blianta sin. Ba rud nua é, agus athrú mór ar an saol. Spreag sé na filí i gConamara le dhul ag sáraíocht le chéile faoi i 1935. Foilsíodh amhráin 'Iomarbhá faoin Dole' ar fad ach ceann ar *An t-Éireannach*. Is iomaí



• Tomás Ó Flaithearta (1890-1936), Gort na gCapall, Inis Mór, iriseoir sóisialach a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí an páipéir. Deartháir é le Liam Ó Flaithearta. (Pic: Mairéad Ní Eithir)

píosa eile a cuireadh i gcló air ag plé cheist an deolchaire, scéim an dá phunt, na deontais, agus eile.

Páipéar nua-aoiseach

Dhá chineál nuachta a bhíodh ann in ndáiríre: nuacht na hEorpa agus an domhain mhóir, taobh le scéalta na Gaeltachta. Níor tráchtadh an oiread sin ar nuachtaí na hÉireann. Ba dheacair do nuachtán beag a bheith tráthúil le scéalta mar sin, agus is cosúil go raibh brú ar Bheumont ó Roinn an Airgid gan ligean dá pháipéar trácht ar pholasaithe rialtais. Go deimhin stopadh an deontas beag a bhí sé a fháil sa deireadh mar gheall ar chomh neamhspleách is a bhí an páipéar agus mar gheall ar dhrocheagar ghnótha. An uair féin a tarraingíodh anuas cúrsaí na hÉireann, ba é leagan amach 'An Chomhdháil Phoblachtach' a bhí ann. Tráchtadh ar stailceanna, ar chearta na ndaoine a bhí gan obair, agus ar imeachtaí na Sé Chondae. Ba mhinic gluaiseacht na Léinteacha Gorma i gceist. Dheintí iarracht dhá thaobh an scéil a thabhairt go minic, ach amanta eile d'ionsaítí iad.

Mheasadh *An t-Éireannach* gach uile dhream de réir mar a bhíodh maitheas nó dochar á dhéanamh acu do na daoine. Ach rinne na 'Litreacha don Mhol ó Thuaidh' blaodh mhagaidh de na Léinteacha agus a dtaoiseach, Eoin Ó Dufaigh, 'Eoinín na Léinteacha'. Tréith eile a bhain leis an bpáipéar an méid ábhar grinn a chuaigh i gcló air, idir na 'Litreacha don Mhol ó Thuaidh', (cur síos ar imeachtaí na Gaillimhe), cartúin a tharraingíodh leithéidí Ailbhe Uí Mhonacháin, agus scéilíní agus agallaimh beirte as Conamara.

Chuir an páipéar roimhe soláthar a dhéanamh don aos óg go háirithe, agus bhíodh dhá leathanach ar ardchaighdeán (agus ar chostas mór) i gcónaí faoi scéalta agus rannta do pháistí. Rinne Sorcha Ní Ghuairim agus a deirfiúr Máire gaisce ann, agus foilsíodh leathdhosaen leabhar do pháistí agus úrscéal do dhéagóirí as ábhar a bhí ar *An t-Éireannach* i dtosach. Ba bheag ar fad an méid leabhar do pháistí (seachas leabhra scoile) a bhí foilsithe sular tháinig ann don pháipéar.

Páipéar ar leith a bhí in *An t-Éireannach* ar mhórán bealaí. Níor chuir sé spéis i 'gCogadh na gCanúintí' ar chor ar bith, ní hionann agus na páipéir agus na hirisí Gaeilge a chuaigh roimhe. Ina leaba sin d'fhoilsítí aistí i nGaeilge na hAlban (cóirithe beagán) lena chruthú nach raibh ach aon Ghaeilge amháin in Éirinn agus sa tír thall. Bhí riar d'imeachtaí na cúise ann, ach sa deireadh ba pháipéar nuachta seachas páipéar Gaeilge a bhí ann. Léirigh sé an chos ar bolg a bhíodhas a dhéanamh ar an nGaeltacht go glórach agus go minic. Mar aicme lucht oibre faoi chois a bhreathnaigh sé ar a muintir, 'náisiún beag faoi leatrom' nach raibh aon aird air tar éis na cainte go léir faoi náisiúin bheaga. Cháin an páipéar an 'fhaisist-idhgeacht' idirnáisiúnta go minic, agus ba chóir gurbh ábhar bróid é go raibh dream Gaeilgeoirí dúchais i dtús cadhnaíochta ag nóchtadh tréithe na deachtóireachta i dteanga a muintire féin.



Cuid de thraidisiún réabhlóideach *An t-Éireannach*, traidisiún a d'fhéach lena gcearta a thabhairt do ghnáthmhuintir na Gaeltachta trí chóras na tíre a athrú. Bhí go leor scríofa ag Seosamh Mac Grianna faoin gceist cheana féin in aistí ar nós 'Self-Rule for the Gaeltacht'. Chuir Proinsias Ó Riain agus daoine eile ceist mhuintir na Gaeltachta ar an gclár oibre don Chomhdháil Phoblachtach. Bhí cruinnithe eagraithe ag muintir cheardchumann Shéamuis Mhóir Uí Lorcáin faoin gceist, agus choinníodh Mícheál Ó Maoláin an cheist os comhair na gceardchumann. Aon dream amháin muintir *An t-Éireannach* agus an dream a bhunaigh Coiste na bPáistí

• (Ar chlé) Seán Ó Cathasaigh as Carna a scríobh aistí faoi chúrsaí nualochta do *An t-Éireannach*. Chaith sé a shaol ina dhiaidh sin ar Fhoireann Aistriúcháin na Dála. (pic Eibhlín Ní Chathasaigh) Thíos: Cartún le hAilbhe Ó Monacháin (ag cáineadh an Appointments Commission srl.)



'Saedilgeoir': "Tá curú mór crosanna sa roilís ó bí mé annseo ceana."
Fear na Saedhealtachta: "Duel, tá doctúir san Saedilís agam le bliadam."



le cabhair airgid ó na ceardchumainn. Scéim a bhí ann le páistí lucht oibre na gcathracha a cur don Ghaeltacht ar laethanta saoire, saoire nárbh acmhainn dóibh ar aon bhealach eile.

Le linn don pháipéar a theacht amach a d'fhás Muintir na Gaedhealtachta agus feachtas Chondae na Mí. Bhí oidhrí ar na gluaiseachtaí seo: feachtas Pheadair Mhic an Iomaire, Cearta Sibhialta na Gaeltachta sna 1970idí, agus Cumhacht, an cineál páirtí polaitiúil pobail a raibh súil ag muintir *An t-Éireannach* leis. Bhí baint

(Thuas:) *Fir an Iarthair ag tabhairt súil thart ar thaltal na Mí. Is ag Seán Ó Coisdealbha atá an maide ina lámh.*

(Ar dheis:) *Sorcha Ní Ghuairim, as Roisín na Maithneach, eagarthóir *An t-Éireannach* agus sár-amhránai (ar dheis) in éindí le Bríd Ní Neachtain, as Baile an Domhnallán, *An Spidéal*, a scríobh don pháipéar freisin.*

(Pic: U. Mac Thómais sinsear).

ar leith ag go leor acu seo le Gaeltacht Chonamara, agus gan iad ní bheadh na háiseanna pobail atá i gConamara inniu ann, ná pobal chomh láidir is atá, ná Pléaraca ar bith b'fhéidir...



Cuirfidh An Clóchomhar leabhar Éamoin Uí Chiosáin, *An t-Éireannach 1934-37: Nuachtán Sóisialach Gaeltachta* os comhair an phobail don chéad uair mar chuid de Phléaraca Chonamara. ar an Aoine 17 Meán Fómhair ag 7.00pm in Ionad Pobail Chamuis.



ALTAN


Ag casadh i gCamus Dé hAoine 17 Meán Fómhair

CINEGAEL: Fiche Bliain ag Fís

Seanscoil an Chnoic i gCois Fharraige, a úsáideadh mar stiúideo nuair a bhí Bob Quinn ag déanamh an scannán "Caoineadh Airt Uí Laoghair" i 1974. Ba é an chéad scannán drámaíochta Éireannach ó deineadh 'The Dawn' sna triochadaí. Ní hamháin gur deineadh i gConamara é ach baineadh úsáid as aisteoirí áitiúla ar an gcuid is mó. B'iad iad an dá réalt sa scannán Seán Bán Breathnach agus Caitlín Nic Dhonncha as Ros a' Mhíl.

D'fhág Bob Quinn RTÉ i 1969 mar gur chreid sé go raibh an eagraíocht imithe ar strae agus th'éis píosa a chaitheamh i London agus i nDún na nGall tháinig sé go Conamara, lena bhean Helen agus a mhac óg Robert. Is i Ros Muc a chuireadar fúthu i dtosach. Th'éis píosa bhogadar go Baile na hAbhann agus chaith sé tréimhse, sa teach atá ag Máirtín Lally anois, sna Forbacha, sar a shocraigh sé sa Cheathrú Rua.

Bhí Cearta Síbhialta na Gaeltachta in aird a réim an uair sin agus le beirt dena daoine ba ghníomhaí sna Cearta, Seosamh Ó Cuaig agus Toni Cristofides, bhunaigh sé an comhlacht scannánaíochta Cinegael. Ba é Seosamh Ó Cuaig a cheap amach an tainm. Chuir Cinegael chun oibre ag eagrú cúrsa traenála do dhaoine óga in úsáid ceamara físteipe. I measc cuid dena daoine a traenáladh, bhí Tom Rua Mac an Iomaire, Máirtín Davy Ó Coistealbha agus Joe Brennan - triúr atá ag obair anois i Radio na Gaeltachta,



• Seán Bán Breathnach sa scannán 'Caoineadh Airt Uí Laoghair' a rinne Cinegael beagnach scór bliain ó shoin. Beidh sé le feiceáil Déardaoin 16ú in Óstán na Ceathrú Rua

beirt acu mar leas-cheannairí. Sa chéad bhliain de Cinegael ar an saol rinne an comhlucht roinnt físteipeanna de imeachtaí áitiúla agus taispeánadh thart iad sna tithe tábhairne ag an am. Ach ba é 'Caoineadh Airt Uí Laoghair' i 1974, a déanadh i seanscoil an Chnoic, a chuir tús leis an bborradh nua i scannánaíocht Éireannach. Níl fágtha de Sheanscoil an Chnoic anois ach na ballaí chun tosaigh..

Is iomaí clár teilifíse déanta ag Bob Quinn agus a chomhlacht Cinegael le 20 bliain anuas. Tá a chuid oibre prámhaithe i saol Ghaeltacht Chonamara. Faigheann sé cuid mhaith dá inspioráid anseo agus tugann sé léiriú an tuisceanach ar saol na ndaoine ina chuid oibre. Níl mórán áit don rómánsúileacht ina chuid scannán.

Ar an Déardaoin 16 Meán Fómhair beidh deis ag daoine cuid den obair is tábhachtaí de chuid Bob Quinn agus

Cinegael a fheiscint in Óstán na Ceathrú Rua, nuair a thaispeánfar:

Caoineadh Airt Uí Laoghair (1974)
Cruinniú na mBád (1979)
Last Days of the Gaeltacht (1980)

Tá pobal Chonamara agus pobal na hÉireann go mór faoi chuimín ag Bob Quinn. Ní hamháin gur chuir sé tús leis an aithbheochaint sa scannánaíocht sna seachtóidí le Caoineadh Airt Uí Laoghair ach thar éinne eile ba é a bhí mar inspioráid leis an gcráolacháin triallach de Theilfis na gGaeltachta, i Ros Muc 6 bliain ó shoin. Eisean agus Meitheal Oibre Theilifís na Gaeltachta a thaispeán cé chomh tábhachtach is a bhí sé go gcuirfí seirbhís teilifíse tré Ghaeilge agus é lonnaithe sa Ghaeltacht, ar bun. Is gearr go mbeidh toradh le feiscint ar na scáileáin ar a chuid oibre, tá súil againn.



CLOCH, 12-22 Meán Fómhair: 'Sé John O'Donoghue a osclóidh Taispeántas Pléaráca na bliana seo, Dé Domhnaigh, 12 Meán Fómhair, ag a 5pm i nDánlann Cloiche An Spidéil. An Chloch an téama atá ag an taispeántas i mbliana agus go deimhin ba dheacair téama níos feiliúnaí a roghnú anseo i gConamara. Suas le triocha cúig ealaíontóir—péintéirí, dealbhadóirí agus grianghrafadóirí ina measc—a bheas ag cur saothar i láthair. Is iad **TELEGAE** atá ag déanamh urraíocht ar an taispeántas seo.

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

HEANEY'S BUTCHERS

• BÚISTÉIRÍ •

Leitir Móir, Conamara Teil: 81216
& Arda Fhaiche an Chaisleáin Teil: 61796

Soláthraí do Óstáin & Bialanna

T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, 091-74101

*Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe,
Éadathóireacht*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

An Cheathrú Rua 091-95154

Tigh Cholchúin

An Cheathrú Rua
Siopa Grósaera
& Téipeanna Ceoil

091-95164

Nioclás P. Ó Conchubhair

Leitir Móir

Teil: 81114 (obair); 81102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

*Tá ábhar tithe ar fáil anseo
Tá gach saghas adhmad ann
Gach cineál péint ann
Agus tearra le haghaidh báid*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Réalt na Maidne

An Cheathrú Rua Teil: 95193

Beár, Lón agus B&B

Dé hAoine 10 Meán Fómhair

- 2.00pm **AERSEÓ IN INIS MEÁIN**
Eolas: Dónal Ó Sé 099-73010
- 8.30pm **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE**
le **Michael D. Higgins T.D.**, (An tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta) in Ionad Pobail Cois Cuain, Ros an Mhíl.
- 9.30pm **Oíche go Maidin le JOHN BEAG Ó FLATHARTA, NOEL HILL agus TONY MacMAHON** in Ionad Pobail Ros a' Mhíl. Beár iomlán le síneadh ama ar fáil don oíche.

Dé Sathairn 11ú

- 2.00pm **COMÓRTAS SACAIR** in Inis Meáin
Eolas: Dónal Ó Sé 099-73010
- LÁ SEOLTÓIREACHTA NA NÓG**, i gCuan na Beirtrí Buí
- 2.00pm Teacht le chéile ag Céibh Leitir Ard.
- 8.30pm **OÍCHE CHEOIL** i dTeach Ghlinnsce Eagraithe ag Cumann Seoltóireachta na Beirtrí Buí.
- CEILIÚRADH CHOLÁISTE CHAMUIS:**
Fiche Bliain ag Fás
Eolas: Gearóid Denvir 091-93162
- 2-6pm **Páirc Chamuis agus Tearmann na Foirnéise**
Cluichí peile agus eitpheile, idir fhir is mhná, idir iarscoláirí an choláiste agus muintir Chamuis; teacht le chéile na n-iarscoláirí agus muintir an cheantair ón Tulach, Ros a' Mhíl agus Camus, i dTearmann na Foirnéise (Ionad Pobail Chamuis).
- 9.00pm Dinnéar Ceiliúrtha in Óstán an Dóilín; ceol agus damhsa ina dhiaidh le **DÚRLING**
- 7.30pm • **COMÓRTAS TOM PHÁIDÍN TOM** •
Comórtas Amhránaíocht ar an Sean-Nós le haghaidh Chorn Tom Pháidín Tom i gCeol na Mara, An Spidéal (le craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta).
Fear an Tí: **Seán Bán Breathnach**.
1ú duais: Corn Tom Pháidín Tom + £100; 2ú: £70; 3ú: £50. (Urraithe ag Tigh Hughes, An Crúiscín Lán, An Droighneán Donn & Ceol na Mara). *Eolas: 091-74143/74345*
- **Ní mhór do na hiomathóirí a bheith i láthair do tharraingt na n-amhráin i gCeol na Mara ag 7.00pm**
- 11pm **Ceol & Damhsa le SEAMUS BEGLEY agus STEVE COONEY** i gCeol na Mara.
(*Síneadh ama sa mbeár*).

Dé Domhnaigh 12ú

- 11am **AIFREANN AN PHLÉARÁCA** i gCamas
- 2.00pm **Seó Talmhaíochta Chois Fharraige** i gColáiste Chonnacht, An Spidéal.
- 2.00pm **Turas na nGleaoiteog** faoi Dhroichead an Daingin, suas Cuan Chamuis go Dún Mánas, ag fágáil ó Chéibh an Mháimin.
Urraithe ag ISPG
- 5.00pm **'CLOCH'**, Taispeántas Ealaíne an Phléaráca, á oscailt ag an Ath. Seán Ó Donnchú i nDánlann Cloiche an Spidéil
Urraithe ag Telegael
- 8.00pm **Comórtas 'ÓRÓ MHÍLE GRÁ'**
i dTigh Chualáin, Coill Rua.
1ú duais: Corn + £100; 2ú duais: £50.
Urraithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige agus Tigh Chualáin.
Seisiún Ceoil & Amhránaíochta tar éis an chomórtais.
- 11.00pm **OÍCHE SEITEANNA & CÉILÍ**
i gCeol na Mara, An Spidéal, le **SHASKEEN**.
Síneadh ama sa mBeár

Dé Luain 13ú

- 6.30pm **Siamsa in Áras Mhic Dara**, An Cheathrú Rua.
- 7.30pm **Seosamh Ó Cuaig** ag oscailt **TAISPEÁNTAS GHRIANGHRAFANNA AN ATHAR BROWNE** i nGairmscoil an Phiarsaigh, Ros Muc.
(*Le caoinchead ARK Life*).
- 9.00pm **Oíche Shiamsaíochta na nOileán**, Tigh Antaine Laoi, Leitir Mealláin, leis an aoi-bhoscadóir **BOBBY GARDINER**
Eagraithe ag Muintearas

Dé Máirt 14ú

- 9.00pm **ÁIRNEÁN** – véarsaíocht, agallaimh bheirte, ceol, amhráin agus scéalaíocht roghnaithe agus á chur i láthair ag Mícheál Mac an Iomaire, Tigh Pheadar Mór ar an mBántrach

Dé Céadaoin 15ú

- 8.00pm **Seoladh Iris an Chéid 1893-1993**, ag comóradh 100 bliain na scoile, i Scoil na hAirde, Carna, agus **Oíche Seanchais agus Scéalaíochta** le Éamonn Ó Conghaile agus a chairde ina dhiaidh.
Urraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar

- 8.30pm **COMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS**
(oscailte do dhaoine os cionn 18 bliain amháin) sa Chistin, An Cheathrú Rua, i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa.
Fear an Tí: **Máirtín Jamesie Ó Flaithearta** 1ú duais: Corn Tigh Sé + £100 (curtha ar fáil ag an gCistin); 2ú duais: £50.

Déardaoin 16ú

- 7.30pm **Comórtas Amhránaíochta ar an Sean Nós do dhaoine óga i gcuimhne ar Sheán Chóilín Ó Conaire**, sa gCrannóg i Ros Muc, le craoladh ag Raidió na Gaeltachta.
Dhá roinn sa gcomórtas: faoi 16 bliain agus idir 17 agus 21. (*Eagraithe ag Coiste Pobail Ros Muc le hurraíocht ó Tigh Chlarke, Tigh Mhaidhcó, Siopa Uí Mháille agus Cniotáil Ros Muc Teo*). **Oíche Cheoil** ina dhiaidh le Ceoltóirí Óga Charna.
- 8.00pm **'FICHE BLIAIN AG FÍS'** - Léiriú ar chuid de obair **CINEGAEL**, comhlacht atá ag déanamh scannán agus cláracha teilifíse le scór bliain i gConamara ar siúl in *Óstán na Ceathrún Rua*
- **Cruinniú na mBád 1979**
 - **Last Days of the Gaeltacht**
 - **Caoineadh Airt Uí Laoghaire**

Dé hAoine 17ú

- 11am **Lá Spóirt Scoileanna Iarbhuideochais na Gaeltachta** i gCarna. *Roibeárd Ó hÉalaí, Scoil Phobail Chárna 095-32245/32298*
- 7.00pm **Seoladh Peadar Mac an Iomaire** leabhar nua foilsithe ag An Clóchomhar - **An téireannach 1934-37, nuachtán sóisialach Gaeltachta** le Éamonn Ó Ciosáin, in Ionad Pobail Chamuis.
- 8.30pm **SCLÉIP AN PHLÉARÁCA**
Ceolchoirm Mhór na Féile le ALTAN agus **SPIDÚLANN** idTearmann na Foirnéise, Camus.
- 11pm **Céilí agus Seiteanna** leis an mbanna ceoil **EISCIR RIADA** sa Halla i gCamus.
Síneadh ama sa mBeár

Dé Sathairn 18ú

- 11.30am **COMÓRTAS IDIR MHONARCHANA** á eagrú ag Údarás na Gaeltachta ar Pháirc Chamuis.
Eolas: Peadar Ó Maoláin 091-92011
- 2.00pm **TRIATHLON CHONAMARA**
Corn Cuimhneachán Phat Uí Mháille (Snámh, Kayak, Rás Bóthair) i gCamus.
091-74202/74345
Urraithe ag VEC na Gaillimhe

- 2.30pm **RÁSAÍ CURACH**
(idir adhmad agus chanbhás)
Ionad an Stáisiúin Leictreachais, Scrib.
- **Fir, Sinsear is Sóisear (Curachai Canbháis)**
 - **Curach Oibre Adhmad**
 - **Curach le triúr ban.**
- *Urraithe ag Bord Soláthar Leictreachais; Comharchumann Dhúiche Sheoigheach, Snáth Geal*

- 9.00pm **Seisiún Ceoil sa mBeár**
– Ionad Pobail Chamuis
- 11pm **Damhsa an Fhómhair: MÁIMÍN CAJUN BAND**
Bronnfar duaiseanna an lae i rith na hoíche.

Dé Domhnaigh 19ú

- 2.00pm **Lá Spóirt agus Scléipe** do chuile dhuine ar Pháirc Chamuis.
Eagraithe ag Coiste Pobail Chamuis le urraíocht áitiúil
- **Aclaíocht** (100m, 200m, 400m & an Léim Fhada)
 - **Rása an Tower** (Rása Bóthair 7 míle)
 - **Tarraingt Téide** cosnochtaithe do fhir is do mhná
 - **Caitheamh Cruifi**
 - **Caitheamh Meachan** (28pt) le haghaidh Sciath Bheartla Breathnaigh bronnata ag Criostóir Breathnach, Ros Muc
- 8.00pm **SEISIÚN CEOIL** sa mBeár in Ionad Pobail Chamuis le Ceoltóirí Chamuis agus Aíonna Speisialta
- 2.30pm **COMÓRTAS SAIGHEAD (Darts)** agus **POOL** in Ionad Pobail Chamuis, idir ionadaithe na dtithe tabhairne sa gceantar, le seaimpíní Chonamara do 1993 a aimsiú. **Ní mhór do thithe thabhairne daoine a roghnú.**
- 3.00pm **GEALLTA BÁD SEOIL** i gCuan Chasla. **Gleaoiteoga Beaga agus Móra, Púcáin, Dinghies.** Duaiseanna don bhád is fearr feistithe, don chéad bhád trasna an líne le bean ar an almadóir; don bhád is faide ó bhaile. (Beidh dinnéar ar fáil an trathnóna sin in Óstán an Dóilín do gach criú—3 i gcás gleaoiteog agus 2 i gcás dinghy—a ghlacann páirt sa ngeall.) *Eagraithe ag Cumann Seoltóireachta Chuan Chasla.* Urraithe ag Sally & Paddy O'Brien (Aran Seabird) agus ag Óstán an Dóilín.
Eolas: Pádraig de Bhaldraithe 091-81126
- 8.00pm **DINNÉAR na mBÁDÓIRÍ.** Bronnfaidh Rós Chonamara, Máire Nic Dhonncha, duaiseanna an lae ag Óstán an Dóilín.
- 10.30pm **CEOL AGUS DAMHSA le CILLÍN**
in Óstán an Dóilín le síneadh ama sa mbeár.



• Pictiúr a tógadh i 1971. Sí Pádraigín (Pat) Uí Chosgardha an mháistreás. Tá Scoil na hAirde, Carna, ag comóradh an chéid i mbliana. Is iontach an méid sár-amhránaítha a d'fhreastail ar an scoil seo – Joe Éinniú, Seán 'ac Donncha, Josie Sheáin Jeaic agus Dara Bán san áireamh. Beidh seoladh Iris an Chéid 1893-1993 ar bun ar an gCéadaoin 15ú i Scoil na hAirde agus beidh Oíche Sheanchais agus Scéalaíochta ina dhiaidh. Tá an oíche eagraithe ag Comharchumann Chonamara Thiar.

TURASÓIREACHT CHONAMARA & ÁRANN

Camus, Co. na Gaillimhe Teil: 091-74143/74202

1. Turasóireacht mar chuid de fhorbairt an cheantair.
2. Páirtíocht an phobail i bpleanáil agus forbairt an cheantair
3. Tairbhe forleathan ón dturasóireacht
4. An Ghaeilge agus a cultúr mar bhunchloch
5. Turasóirí a choinneáil sa gceantar.
6. Dóthain áiseanna agus imeachtaí a chur ar fáil.
7. Saothrú fiúntach sa mbaile

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara



Banc Aontas Éireann

An Cheathrú Rua
Teil: 95218

Ar Oscailt:
Luain; Déardaoin; Aoine
10.30-12.30pm
1.30-3pm

*Go n-éirí go geal le
Pléaráca Chonamara!*

Gach rath ar Phléaráca Chonamara

TEAICHÍNÍ EANACH MHEÁIN

Leitir Mór Co. na Gaillimhe
Teil: 81163

Jackie Ó Cualáin

Carna, Co. na Gaillimhe 095-32331

CONRAITHEOIR TÓGÁLAÍOCHTA

Go n-éirí leis an bPléaráca!

Gach rath ar Phléaráca 1993
á

Ionad Eachtraíochta Scribe

**Ionad Fostaíochta Pobail
dá thógáil i gCeartlár Chonamara**

*Bí ar do shustainneas
ar phacáiste saoire Scribe*

Eachtraíocht • Ceol • Craic

Labhair le Kate ag 091-74323

TIGH TOMMY

Indreabhán 091-93246

Ceol, Comhluadar agus Craic

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

Go n-éirí go geal le Pléaráca Chonamara

TIGH MHEAIC

Carna Teil: 095-32240

**Teach Tábhairne agus Brú suite ar
Bhruach na Farraige faoi bhun an
tsléibhe; tránna áille, ciúnas,**

Wilson Coaches

Caisleán, Indreabhán 091-93322

Hireáil Príobháideach, Turasanna

Scoile, Bainiseacháí


14 - 53 suíocháin

Rátaí Maithe

Gach rath ar Phléaráca Chonamara

SAORTHA CHAMUIS TEORANTA

Tógálaí & Déanóirí Kayak
Camus, Conamara 091-74202



TELEGAEL

An Spidéal, Co. na Gaillimhe Teil: 091-83400 Facs: 091-83464

SAORÁIDÍ TÁIRGÍOCHTA TEILIFÍSE

Cláracha de chuid Telegael a bheas le feiceáil go luath ar Network 2:

TÍR NA HÓIGE: Gach Luan ar Network 2 ag 3.30 ag tosnú ar 13 Meán Fómhair
Sraith cartúin úr-nua athghuthaithe ón bhFraincís ag Telegael

RÉALTÓG: Cartún nua do pháistí san aosghrúpa 3-7,
gach Aoine ag 3.30pm ag tosnú ar 13 Meán Fómhair

Telegael a d'ullmhaigh na cláracha seo ag úsáid aisteoirí Gaeltachta.

• Óst na nOileán •

Tí Lee

Leitir Mealláin 81161

Óst & Bialann

**Ceol gach
deireadh seachtaine**

Tigh Henry

An Drum, Leitir Mealláin. Teil: 091-81106

Bear, ceol & craic!

— Seirbhís Sochraide —

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

G.C. LEICTREACH

ROS MUC & AN SPIDÉAL
Teil: 091-74142

An Ghleoiteog

BIALANN
Ros a'Mhíl & 091-72237

Stéigeanna • Bia Mara • Sailéidí
Á la Carte • Fíon

Bia den Scoth - Oscailte 7 lá

'BLEAICÍN' BHEARNA

—Séamas Ó Cualáin

Is dóigh gurbh é 'Bleaicín' Bhearna an chéad duine gorm a lonnigh i gCois Fharraige agus ní le hionadh mar sin a cuireadh sonrú ar leith ann.

Osmund a bhaist lucht an Bhéarla air cé go mba Huissman Tissani a ainm is a shloinne ó cheart, ach níor thug muintir Chois Fharraige riamh air ach 'Bleaicín' Bhearna nó 'An Bleaicín'.

Ba san Afraic Theas a saolaíodh é agus le linn Chogadh na mBórach (1899-1902) nár bhain drochghortú do dhuine de Loinsigh Bhearna a bhí ina choirnéal in arm Shasana ag an am. Go deimhin ba iad na gonta seo ba shiocair bháis dó san deireadh.

Nuair a bhí cóir leighis á cur ar an gcoirnéal snadhmhadh cairdeas idir é féin agus an buachaillín gorm seo a bhíodh ag freastal air.

Mar chúiteamh ar a shaothar thug an coirnéal litir aitheantais don 'Bhearna' le tabhairt dá mhuintir i mBearnait ina raibh siad ina dtiarnaí talún. Dúirt sé leis an ógánach dá mba mhian leis dul go hÉirinn go deo go bhfáilteodh na Loinsigh roimhe.

Spéis sa Liathróid Láimhe

Go gairid tar éis Chogadh na mBórach, agus gan é ach ceithre bliana déag, d'fhág an 'Bleaicín' an Afraic Theas agus thug a aghaidh ar Éirinn. Nuair a bhain sé Bearnait

amach chuir na Loinsigh na múrtha fáilte roimhe agus chaith siad go fial flaithiúil leis.

Bhí an 'Bleaicín' 5'6" ar airde, é chomh seang le cú, drad an chnúdáin aige agus folt breá ciardhubh a bhí chomh catach leis an madra uisce. Bhí saol duine uasail aige agus é gléasta thar cionn i gcónaí.

Ón tús chuir sé an suim sa liathróid láimhe agus i ngeall ar seo dheisigh na Loinsigh an pinniúr trí bhalla a bhí tógtha ar a gcuid talún i mBearnait. Ach ba mhó an luí a bhí aige i gcónaí le pinniúr an Spidéil, áit a gcastaí air go minic, an sárhear, Peait na Máistreása, a chuireadh aistear chúig mhíle fichead de ar a rothar ón Droim i Leitir Móir le dul i



— Cloch Choirnéil An Phobail —

Cumarsáid agus Coigilt leis An Post

mbun cleachta.

Peait na Máistreása

Ba os cionn na láimhe a bhuaileadh an 'Bleaicín' an liathróid agus thaitnigh a stíl imeartha go mór le gaiscíoch Léitir Móir. Ar na himreoirí eile a mbíodh a dtíall ar phinniúr an Spidéil an uair úd bhí an Dr Seán Ó Laimhín as Maigh Eo—gaiscíoch na hÉireann i ngearr-rásaí. Ar ndóigh, ba é an gaiscíoch seo a thionscain an rith aonair sna cluichí peile i dtús na bhfichidí nuair a bhí sé ina mhac léinn i gColáiste na hOllscoile i mBleá Cliath. Bhí sé d'ádh ar Sheán chomh maith go mba bháireoir binne den scoth é agus ba iomaí cruachaimhlint a fearadh idir é féin agus an 'Bleaicín' agus Peait na Máistreása.

Imreoirí cáiliúla eile a thagadh go pinniúr an Spidéil ba ea Peadar agus Micheál Ó Duigneáin, Pádraig Óg Ó Conaire, Conchúr Ó Cuanaigh, Máirtín Chonchúir, Éamann Ó Gógáin, Micheál Ó Deargáin, Liam Ó Diolúin, Taimín Tomty Ó Conaola agus go leor eile.

Cainteoir líofa Gaeilge

Cainteoir líofa Gaeilge a bhí i m'Bleaicín' Bhearna agus bhí Béarla agus a theanga dhúchais féin ón Afraic Theas ar eolas aige freisin. An-damhsóir a bhí ann. B'aith uaidh ríl a dhamhsa le gloine uisce ar a cheann agus gan oiread is an braon féin a dhóirteadh! Bhí an-mheas go deo ag muintir Chois Fharraige air agus bhíodh fáilte Uí Cheallaigh roimhe ag aon bhainis nó ag aon phléaráca a bhíodh san áit.

Ghoill sé go mór air nár fhág Marcas Ó Loinsigh faic na fríde aige nuair a bhásaigh sé i 1916. Trí bliana déag is fiche a bhí an Bleaicín nuair a shéalaigh an t-anam as in Ospidéal Naomh Bríd i mBéal Átha na Sluaighe i 1920. Is ansin atá sé ag fanacht leis an Aiséirí, go ndéana Dia trócaire ar a anam. Ach maireann a chuimhne fiú amháin fós i measc seandaoine i gCois Fharraige.

B'fhéidir nár mhiste críochnú le sliocht as an scéilín 'From Bombay to Salthill' a foilsíodh sa leabhar *Homespun Yarns* leis an Athair T. Mac Gearailt i 1915:

But after all, colour is only skin deep, for if we eliminate from the sum of human thought the contribution of tinted thinkers, the world will be the poorer. But if you have a penchant for the sensation of surprise, walk out the Salthill road from Galway, and the chances are you will meet the well-behaved, well-dressed, handsome, gentlemanly Osmund from Africa, whose pearly teeth are like a flash in circumambient blackness. Say to him: 'An bhfuil Gaeilge agat?' and you will get a reply mellowed with melli-fluous *blas* 'Maise, tá go deimhin, agus neart di'. No wonder Osmund's programme is full up before he is five minutes in a ballroom.

- Séamas Ó Cualáin

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

KEANE'S BEARNA

IONAD GARRAÍODÓIREACHTA
Torthaí & Glasraí, Beatha Beithíoch, Straighin
Teil: 091-92000

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

OIFIG AN PHOIST

▪ CAMUS ▪

FUINNEOGA CHONAMARA TEO

AN TULACH, INDREABHÁN
091-93081/93085

DÉANTÚSAÍOCHT
FUINNEOGA & DOIRSE
PVC/ALUMINIUM

▪ GRIANLANNA ▪
▪ AGHAIDHEANNA SIOPAÍ ▪
▪ PÓIRSÍ ▪
▪ ROLLER SHUTTERS ▪



• Micheál agus Dara, an séú glún de na Baileys atá ag seoladh 'An Capall' (pic: An Curadh Connachtach)



1883-1993

An Chiseog

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-95315

• Bialann & Take-Away •

Réitíonn muid Bia Mara chomh maith le béiltí feola agus sailéidí

• Seomra Cluichí do na gasúir le bord pool agus Jukebox •

Bain sult as lá cois farraige lenár réimse de sailéidí blasta!

An Tónaí agus Brannelly

Tá dhá inseacht ar scéal agus seacht rá ar amhrán, deirtear. Tá, a mh'anam, agus níos mó ná dhá inseacht ar scéal na mbád mór i gConamara.

Chuir mé romham scéal An Tónaí a bhreacadh síos chomh maith agus a b'fhéidir liom. Tá seans maith nach réiteoidh chuile dhuine leis an leagann seo agus má tá a mhalairt de scéal ag éinne eile chuirfinn fáilte roimhe.

Sé Patrick Brannelly a thóg An Tónaí. Rugadh Patrick tuairim dhá chéad slat ó dheas de céibh an Charadh Dhuibh (nó Blackweir i mBéarla) in aice le Baile na Cúirte. Tá píosa de bhalla an tí le feiceál ann fós le taobh an chró. D'athraigh an clann go Baile na Cúirte níos deireanaí agus tá mac a mhic ina chónaí ansin fós - Patrick Brannelly eile.

San áit ar tógadh An Tónaí agus an 'Morning Star' díreach treasa an bhóthair ó céibh an Charadh Dhuibh, tá trí shean-bhád iomartha anois imeasc na neantóg agus na ndriseacha. Dúirt sean fhear liom nuair a bhí mé ann gurbh é Johnny Labhcáis Ó Domhnaill a thóg ceann de na báid seo. Níl mórán seans go bhfeicfidh ceachtar de na báid seo an fharrage arís.

Chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach rugadh Patrick Brannelly timpeall na bliain 1860. Ba saor báid é an t-athair chomh maith. Chinn orm a fháil amach cé chomh fada agus bhí na Brannellys san áit sin nó cé as ar tháinig siad.

Ba feairín beag cruá é Patrick Brannelly agus ní raibh cinneadh ar bith leis ag obair. Go deimhin bhí sé ráite go mbíodh na daoine maithe ag cabhrú leis. Bhíodh go leor printísigh ag obair aige, agus bhíodh sé ag tógáil báid freisin i gCinn Mhara agus i nGaillimh. Tá scéal ann gur críochnaíodh An Tónaí idir sparaí

Ruaidhrí Ó Tuairisg

agus seolta in aon lá dhéag agus dúirt John William liom gur chuala sé féin gur cuireadh maide is fiche ar an 'Stail Mór' in aon oíche amháin.

I measc na mbád eile a rinne Patrick bhí mar a dúirt mé an 'Morning Star'; 'An Chorainn', a briseadh i nDún Laoighaire; an ghleiteog mhór 'An Lovely Ann' (nó 'Moonraker' anois) atá sna Cealla Beaga ag Jim Parkinson; an 'Catherine' a bhí ag Monica Réamoinn. Rinne sé an 'Queen of Connemara' freisin ar scríobh file cáiliúil Chinn Mhara, Francis A. Fahy an tamhrán faoi.

Ní bhfuair Patrick Brannelly saol fada. Is iomaí leagann atá ar scéal a bháis. Sé an scéal is coitianta atá ann go raibh sé ag teacht anuas as Oileán Eide go Cinn Mhara i mbád beag. Bhí Johnny Barrett, a bhí ag printiseach leis, as Leitir Árd, Carna agus a bhí cúig bhliana déag ag an am in éineacht leis. Bhuail an bád Guairimín i gCuan Chinn Mhara. Shíl siad an crann a leagan agus thit sé ar Phatrick agus maraíodh é.

Ceaptar gur tharla sé seo timpeall na bliana 1893.

Tá Patrick Brannelly curtha i roilig Baile na Cúirte. Tá leaganacha eile ann, go raibh sé ag teacht as céibh na Páirce Móire go Céibh Tarrea agus deir daoine eile go raibh siad ag tarraingt saileanna adhmaid go Cinn Mhara.

Tony Sheán Mhaolra

Is do Tony Sheán Mhaolra Ó Flaithearta as Inis Eirc a rinneadh An Tónaí timpeall na bliana 1892. Dúirt Cóilín Ó hIarnáin liom, a bhfuil mé fíor-bhuíoch dó as ucht an méid eolais a thug sé dom, gur dearnadh an 'Morning Star' do Pheatsín Sheán Mhaolra, deartháir Tony, a bhí ina chónaí ar an gCladach. Bhí clann iníon ag Peatsín, a bhí ag obair an bháid agus tugadh Bád na mBan ar an Star.

Bhí Tony Sheán Mhaolra pósta in Árainn le Máire Bheag Ní Bhriain. Bhí bád aige 'An Máire Bheag' ag tarraingt an phosta as Gaillimh go hÁrainn. Bhí bád nua ag teastáil uaidh agus tugadh an obair do Bhrannelly. Chúig phunt a chosain



• Máirtín Ó Briain agus Peadar hOibicín ag luchtú An Tónaí, ag céibh an tSrutháin. Sé Cian, mac le Paddy an leaid óg atá in éindigh leo.



sí. Tugadh an Máire Bheag ar An Tónaí ar dtús agus ansin An Tónaí i ndiaidh an úinéara.

Ní réitíonn Johnny Bailey leis an leagann seo. Díurt sé fhéin gur chuala sé ariamh gur dearnadh An Tónaí do Nóra Ní Dhonnchadha as Gaillimh. Thug Mike Tom, as an Maimín, anoir í ón gCaradh Dhubh agus cuireadh 'weather boards' i nGaillimh uirthi. Ina dhiaidh sin cheannaigh Tony Sheáin Mhaolra í.

Bhí An Tónaí ag tarraingt an

phosta ar feadh roinnt blianta go dtí gur tharraing sí ancaire óiche agus briseadh go dona í ar trá Inis Oírr.

Chuaigh Peadairín Ó Briain (sean-uncail Mháirtín anois) agus an saor Pádraig Mhicil Rua, a rinne an Lady Mhór agus an Mhaighdean Mhara, isteach agus dheisigh Pádraig í. Cheannaigh Peadairín í ar chúig phúnt. Sé Míicil Mháire a bhí inti nuair a tugadh go dtí an Sruthán í. Deirtear go raibh dath bán ar thaobh di agus ar chuid mhaith den

• Mike Ó Briain agus Pádraig Kelly, c. 1960

taobh eile nuair a sheol sí aníos Cuan Chasla, mar ní raibh sí tearráilte fós. Bhuaigh sí rása i gCuan Chasla thart ar 1908. Báid eile a bhí ann an lá sin, Bád Phatsy, Bád Mharcaisín, Camper Mhicil Pháidín, Bád Chóil Mhóir as Ros a Mhíl agus Billeachaí as Ros a Mhíl. Sé Míicil Mháire a bhí ag gabhail An Tónaí an lá sin.

Cheannaigh Séamaisín, mac deartháir le Peadairín leath An Tónaí

ar chúig phunt. Bádh Séamaisín sna duganna i nGaillimh timpeall 1920. Fuair Máirtín Stiofáin (seanathair Mháirtín) leath An Tónaí ó Pheadairín. Bhí siad ag tarraingt mhóna go hÁrainn, go Cinn Mhara agus go dtí an Chéibh Nua. Is ceart a rá ag an bpointe seo go raibh báid eile ag na Brianaigh i gCladhach. Bhí an Lady Mhór, atá ag Ben Mac Donnchadha i mBleá Cliath anois, An Lady Bheag agus An tSean Lady.

Bhásaigh Máirtín Stiofáin timpeall na bliana 1930 agus bhí an bád ina cónaí ar feadh roinnt blianta mar bhí a chlann ró-óg. Ansin chuir Michael Mór Ó Nia as Ros Muc caoi uirthi agus chuaigh Pat Ó Dáirb Ó Flaithearta, a raibh an 'Connacht' aige, ag obair inti.

Ansin chuaigh Mike Mháirtín Stiofáin agus a chuid deartháireacha ag obair inti timpeall na bliana 1932. Bhí Mike sé bliana déag ag an am. Ag tarraingt mhóna mar a bhí an tseandream a bhí siad. D'imigh na deartháireacha go Meiriceá agus d'fhan an bád ag Mike.

Sa mbliain 1964 tugadh suas í ag Colm Labhráis i Ros Muc le deisiú. Nuair a tháinig sí ar ais cuireadh

Máirtín ag obair inti lena athair. Ag bádóireacht a bhí Máirtín sna blianta 1964, '65 agus '66 nuair a bhí chuile dhuine eile i nGaillimh ag imirt peile. D'imigh Máirtín ar chúrsa go Ros Muc sa mbliain 1967 agus bhí Paddy, a dheartháir agus Pádraig Kelly ag tarraingt mhóna agus stráinséirí.

Chuaigh inneall Lister sa Tónaí tigh Mhoylett i gCárna i ngeimhreadh na bliana 1968/69. Cuireadh uimhir uirthi, G-50, agus tugadh St Ann mar ainm uirthi. Is cuimhin liom féin dul go hÁrainn inti timpeall 1970. D'fhan na seolta uirthi cé nár crochadh an lá sin iad. Bhásaigh Mike Ó Briain sa mbliain 1970.

Deireadh le Tráchtáil na Móna

Tháinig deireadh le tráchtáil na móna sa mbliain 1972 agus d'fhan siad ag tarraingt stráinséirí. Mar atá fhios againn tháinig borradh faoi sheoltóireacht i gConamara timpeall 1976. Bhí baint mhór ag John Helion agus a bhád an 'Morning Star'—leath chúpla An Tónaí leis an mborradh seo nuair a sheol sé as Bleá Cliath. Caitheadh amach an

tinneall as An Tónaí sa mbliain 1980 agus rinneadh suas as an nua í i 1981-82.

Ridgeway agus Bligh

Is iomaí droch-lá feicthe ag an mbád uasal seo agus comhaireann Máirtín ina measc an lá ar landáil Ridgeway agus Bligh in Árainn as Meiriceá, Meán Fómhair 1967. Go deimhin ní raibh Dé hAoine 13 Lúnasa 1993 ró dheas ach oiread agus muid ag gabhail soir go Cinn Mhara.


Faoi láthair agus mé dá scríobh seo tá An Tónaí chun cinn sna pointí sa gcomórtas sraithe seoltóireachta atá dá eagrú ag Cumann Húicéirí na Gaillimhe. Tá an-mheas ag Máirtín ar a chriú, a dheartháir Michael, Peadar Oibicín, Stiofáin de Bhailís agus Joe Kelly. Guimid chuile ádh orthu ar fad agus ar An Tónaí.

Tá mé fíor bhuíoch do Mháirtín agus do Mhairéad a thug chuile chuile chabhair dom ag scríobh an phíosa seo. Go mba fada buan iad. •

Thíos: Bád Joe na nUamainí (atá i nGaillimh anois) agus An Tónaí; Mike Ó Briain agus Harry Knott atá ar an gcéibh. Ach cé hé an leaid óg ar dheis?



Caiséidi & Dlúth-Cheirníní



DO
CHEOLCHOIRM
FÉIN
SA BHAILE!
le CAISÉID
agus CD

g
gael-linn

nua-eisithe

Frankie Lane - DÓBRÓ
(CEFC 159)
Eoin Duignan - COUMÍNEOL
(CEFC 163)

agus ár seanchairde

Seosamh Ó hÉanaí
(CEFC 028/051)
Seosamh Mac an Iomaire
(CEFC 078)
Seán Mac Donnchadha
(CEFC 117)
Seosamh Mac Donncha
(CEFC 124)
P.J. & Marcus Ó hIarnáin
(CEFC 141)
Dolores Keane
(CEFC 101/107)
CEOL TIGH NEACHTAIN
(CEFC 145)

catálog ceoil agus gach eolas faoin
ár scéimeanna ar fad, mar
SLÓGADH agus eile, ó:

g
gael-linn

26 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2.
Teil: 01-6767283, Faics: 01-6767030.



• Sarah Ghriallais agus Cólín Sheáin Dharach Seoighe
—an fear a ghnóthaigh Corn Tigh Sé anuraidh—
ag an gcomórtas damhsa ar an sean-nós.

Go n-éirí leis an bPléaraca

MoreNet

TREALLAMH (ÉIRE) TEO.

Eastát Tionsclaíochta Thír an Fhia, Leitir Mór
Teil: 091-81144 Facs: 091-81296

**Seirbhís don Tionscail
lascaireachta**

Níochán & Deisiú Eangachaí

Déantóir Eangacha

**Soláthraí Rópaí, Eangacha,
baoití agus éadach sábhála**

COLM DE BHAILÍS – File Leitir Mealláin

le Dónal Ó Colchúin

Ba mhaith liom léargas a thabhairt ar scéalaí, ar stairí ar fhear ceirde, ach thar aon ní eile, ar fhile. B'é an Píarsach féin a dúirt, gur rugadh Colm de Bhailís, ar an dara lá de mhí na Bealtaine 1796, i Leitir Mealláin - oileán mara amach ó chósta Chonamara atá anois ceangailte leis an mórthír de bharr cheithre dhroichead a tógadh idir na h-oileáin ag deireadh an chéid seo caite.

File Leitir Mealláin a tugadh air, agus d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge seacht n-amhrán déag leis i 1904, sa leabhar 'Amhráin Choilm de Bhailís', ach is cinnte go raibh neart eile, nach mbeidh fáil ortha choiche.

D'fhulaing sé anró agus cruatan an tsaoil, ach má d'fhulaing féin is beag trácht a rinne sé air, agus go deimhin is beag a chuir sé as dó, mar bhí sé i bhfoisceacht dhá mhí, de chéad agus deich mbliana a bheith caite aige, nuair a fuair sé bás, ar maidin an seachtú lá is fiche de mhí Feabhra 1906.

An té go mbeadh sé d'ádh air, a bheith i gcomhlúadar Choilm, i gcaitheamh an chéad dhá scór bliain dá shaol, bheadh deis aige Colm a fheiceál ag fosaíocht ba i mBaile na Cille, ag piocadh faochain is ag bailiú feamainne reatha ar chladaigh Leitir Mealláin, sin nó ag iascach ronnach ó charraig i gCuigéal.

Bhí an-suim sna báid aige mar bhí siad timpeall air chuile áit. Ba sáibhéara é ag na saora agus ba saor cloiche é chomh maith.

Bhí neart oibre don té a raibh fonn air, agus nuair a bhí scór bliain caite aige, d'fhág sé an baile agus chuaigh de shiúl cos go Cathair na Mart i gCondae Mhaigh Eo, áit ar chaith sé bliain.

Scathamh ina dhiaidh sin, thug sé aghaidh ar cheartlár na tíre - An Tulach Mór, Co. Uíbh Fhailí agus chaith sé bliain nó dhó ansin, agus ar aghaidh leis ansin go Cill Rois i gCondae an Chláir. Ag obair le

adhmad is mó a bhí sé, agus caithfidh sé gur thaithnigh an ceantar sin agus na daoine go mór leis, mar chaith sé aon bhliain déag ina measc. D'fhill sé ar Leitir Mealláin, agus cé is móite de chorr sheairse a chaith sé ag spailpínteacht ar an Achreíd agus isteach is amach go Gaillimh is go h-Árainn, is beag taisteal a rinne sé ina dhiaidh sin.

Ó Conaill & Rafturaí

Níl aon chuntas ar aon chumadóireacht uaidh—amhráin ná dánta—faoi am seo, agus ní dhearna sé cur síos ina scéalta ar gach a bhí ann sé agus é as baile. Is cinnte go raibh sé i gCo. an Chláir le linn aimsir Dhónaill Uí Chonaill—An Togachán agus Fuascailt na gCaitliceach i 1829, nó mar sin, agus dúirt sé féin go bhí sé Rafturaí, ag casadh ceoil ar an mBóthar Mór i nGaillimh, bliain nó dhó sara bhfuair Rafturaí bás i 1835, ach ina dhiaidh sin féin, níor thagair sé dóibh ina chuid amhráin.

Is féidir a rá gur tar éis a chuid taistil agus go gairid tar éis do Siobhán - bean óg ón a bhaile fhéin - a phósadh, is ea chuir Colm tús le cumadóireacht na n-amhrán. Bhí mac amháin acu, Tom, agus níor mhair seisean ach go dtí go raibh sé bliain is fiche. Fuair a bhean Siobhán bás, agus deirtear gur phós sé athuair, agus gur Úna a bhí ar an dara bean.

Ag an am sin, bhíodh Colm ag

tógáil tithe in éineacht le fear as Leitir Caladh - An Clochartach, agus ar ámharaí an tsaoil bhí suim aigesan sna hamhráin freisin. Deirtear gur mar gheall ar iad a bheith ag spochadh lena chéile, a chum Colm an t-amhrán 'Cnoc Leitir Móir', amhrán nach bhfuil foilsithe san leabhar sin *Amhráin Choilm de Bhailís*, ná in aon áit eile, gurbh fhios dhom. Bhí baint ag an mbeirt acu leis an amhrán 'Cúirt an tSrutháin Bhúí'. Is é sin agus 'Amhrán an Tae' an dá cheann is mó cáil, b'fhéidir.

Chum sé 'Eibhlín Ní Fhlatharta' agus é 106 bliain d'aois, agus b'é freisin a chum 'Beairtle Dhónaill' agus 'An Seandúine Cam' i measc go leor eile.

Nuair a fuair a bhean bás ag deireadh an chéid b'éigin dó Teach na mBocht a thabhairt ar féin i 1901.

Chuir D'arcy a bhí i gceannas Theach na mBocht fear óg darbhf ainm Pádraic Ó Donnalláin chun amhráin Choilm a bhreacadh síos. Bhíodh Ó Donnalláin ag scríobh aisti don Chlaidreamh Solais ag an am, agus b'é an Píarsach eagarthóir an pháipéir. Bhí eolas aigesan ar fhilíocht agus ar amhráin Choilm, agus deirtear gur uaidh Cholm a d'fhoghlaim Pádraic Mac Piarais an t-amhrán beannaithe 'Caoineadh na dTrí Muire'.

Teach na mBocht

Thug an Píarsach cuairt ar Uachtar Ard agus d'iarr ar Ó Donnalláin alt a scríobh san gClaidreamh Solais ar dhroch-bhail Choilm. An mhí dár gcionn, bhí achainí ón bPíarsach chuig léitheoirí an pháipéir ar eagrán 13 Meitheamh 1903 theacht i gcabhair ar Cholm a'Bhailís agus go raibh ciste curtha ar bun chun Colm a thabhairt amach as Teach na mBocht. Bailíodh airgead agus d'fhág Colm Teach na mBocht ar an gcéad lá de Lúnasa 1903. Chaith sé dhá bhliain in Uachtar Ard le duine muinteartha, ach theip ar a shláinte. Tugadh go dtí an oispidéal i dTeach na mBocht é, agus rinne an Píarsach cinnte go gcaithfí go maith leis. Fuair sé bás ar an 27 Feabhra 1906. Tar éis Aifreann na Marbh in Uachtar Ard, cuireadh i reilig Cill

Chuimín é.

San amhrán 'Cúirt an tSrutháin Bhuí' tá Colm ag tabhairt an-mholadh go deo don áras seo atá aige. Séard a bhí ann i ndairíre, ná púirín nó sciobóilín beag a thóg Colm mar fhoscadh dhó féin agus don Chlochartach sa Sruthán Buí, in aice le Leitir Caladh. Tá tóir chomh mór céanna anois, ar an amhrán sin, is a bhí nuair a cumadh é os cionn céad bliain ó shin.

Amhrán an Tae

Cineál eile ar fad atá in 'Amhrán an Tae'. Agallamh beirte nó díospóireacht atá ann idir fear agus bean, agus iad ag déanamh an-sciolladh go deo ar a chéile, agus is cinnte nach bhfuil sa tae ach leithscéal lena chéile a ionsaí, agus dá fhaid agus a dtéann an t-amhrán ar aghaidh, sea is fíochmhaire a bhíonn siad in aghaidh a chéile.

Séard atá san amhrán 'Eibhlín Ní Fhlatharta', ná amhrán grá ag moladh na mná seo—Eibhlín, agus cé nach bhfuil an cháil chéanna ar an

amhrán seo, is atá ar amhrán eile de chuid Choilm, ina dhiaidh sin is uile, is féidir an cumas íontach sin a bhí ag Colm, amhrán grá a chumadh, a thabhairt faoi deara san amhrán faoi leith seo.

Is deacair a rá, an raibh baint ag an droch-bhail a bhí ar Cholm ag an am seo, leis an gcaoi ar mhol sé Eibhlín. Na h-amhráin grá eile a chum sé, 'Brídín', 'Bríd Ní Fhlatharta' agus 'An Bhruinneal Deas', ba faoin mbean céanna a bhíodar, agus deirtear go raibh fonn air í a phósadh, ach ní dóigh go raibh an fonn sin air, i gcás Eibhlín.

Maidir leis an amhrán 'Beairtlín Dhónaill', chum Colm an t-amhrán seo ag cáineadh Bheairtlín Dhónaill, mar gur ghoid sé cúpla ualach feamainne reatha uaidh. Is cosúil go raibh an-olc ar Cholm agus ní h-iontas ar bith é, mar chaith Colm roinnt laetheanta dhá bhailiú agus dhá thabhairt le chéile, agus ansin tháinig Beairtlín i rith na h-oíche agus ghoid sé uilig uaidh é.

Anois san amhrán 'An Seandúine Cam' tá agallamh beirte eile againn,

cosúil le 'Amhrán an Tae' agus tá sé spéisiúil gurb iad seo an dá amhrán de chuid Choilm a'Bhailis a roghnaigh Eibhlín Bean mhic Choisdealbha agus i ag cur 'Amhrán Mhuigh Seola' i dtoll a chéile i 1923. Agus nuair a chuimnítear gur ó bhean óg i gCeantar Thuama—Bridget Forde—a thóg sí an ceol agus na focla, chomh maith le leabhar Choilm, is cinnte go raibh an dá amhrán seo le cloisteáil i bhfad is i ngearr agus i gcuid mhaith de Chondae na Gaillimh.

An Seandúine Cam

Ins an agallamh beirte 'An Seandúine Cam', tá cailín óg atá pósta le seandúine, agus í ag tabhairt faoi, agus eisean, ag tabhairt ais-fhreagraí uirthi, chomh tréan in Éirinn, is tá sé in ann.

Ach i ndeireadh na dála, is féidir a rá faoi Choilm a Bhailis, agus faoina chuid cumadóireachta—chonaic sé an saol—trí chéad dhi, agus arnó, faoi cheann trí bliana, beidh muid ag comóradh 200 bliain ó rugadh é.



• Cuid den slua a bhailigh i dTigh Phluincéid, Leitir móir, le haghaidh Comóradh Choilm de Bhailis, anuraidh.

Tigh Pheadair Mhóir

Baintreach, Baile na hAbhann

Beár

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca

Tigh Rory

Leitir Móir ■ 8.30am - 8pm

■ Siopa ■

Gás ■ Gual

Beatha Beithíoch ■ Blugas

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca



Johnny Mháirtín Learal, duine de fonnadóirí móra Chonamara agus é ag gabháil amhráin le linn an Phléaraca anuraidh. Is cinnte go gcloisfear corr stéibh aríst uaidh i mbliana.

(Pic: A. Ó Conchúir)



• Damhsóirí ar an sean-nós; Labhrás Ó Conghaile, Cóilín Sheáin Dharach Seoighe, Annie Devaney agus Pádraig hOibicín

AR AISTEAR NA GCURADH LINN

Ó tharla go bhfuil an iománaíocht faoi réim i gContae na Gaillimhe arís téann Séamas Ó Cualáin siar ar bhóithrín an smaointe agus bualann le sean-bháireoir a thuill clú agus cáil dó féin is dá chontae.

Ó bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael sa bhliain 1884 tháinig ar an láthair anois is arís báireoirí a bhí cumasach amach is amach agus a rinne bearta laochais ar pháirc na himeartha fiú sula raibh na déaga féin slánaithe acu.

Duine de na hiománaithe iomráit-eacha sin ba ea Micheál Mac an Rí as Cathair na Gaillimhe a raibh a ainm ina chraobh aonaigh ón gcéad lá ar imir sé ar fhoireann na Gaillimhe i 1925 nó gur scoir sé ag bordáil ar dheich mbliana ina dhiaidh sin.

Bíonn meas ar leith i dtólamh ar an stíl, cuma cén cluiche a imríonn sé, agus gan amhras chuirfeadh imirt chliste chleasach Mhichíl Mhic an Rí ola ar chroí duine. D'fhéadfadh sé an camán a láimhseáil go healaíonta éifeachtach agus an sliotar a bhréag-adh chuige amhail is dá mba slaitín draíochta an bata fuinseoige. An dá luath is a gheobhadh sé seilbh ar an liathróid, thabharfadh sé cor tobann lúfar agus é ag greadadh an tsliotar go beo bríomhar ag an am céanna. Agus ní i bhfad ón sprioc a chuirfeadh sé an t-urchar mar bhí an t-aimsíú ar fheabhas an domhain aige.

Go Macánta Meabhrach

Báireoir ba ea Micheál nach ndeachaigh i muinín an fhorinirt ná an tsalachair riamh agus fiú sa choimhlint dho-eadrána d'imir sé, faoi mar ba dhual dó, go macánta meabhrach. Fear ard tanaí éadrom a bhí ann—é 6'2" ar airde agus gan aon chloch déag mhéachan ann nuair a bhí sé ina sheasamh. Ní fhéadfá gan suntas a thabhairt dó ar mhachaire



An báireoir cáiliúil ó Ghaillimh, Mick King agus é réitithe le dul ag seoladh.

(Pic: a iníon, Mrs. Walsh)

an dúshláin óir bhí sé chomh díreach le giolcach Spáinneach.

D'fhear caolchumtha gan mórán toirte b'áibhéil an sracadh oibre a bhí ann agus i dtaobh scafántachta ní raibh Caoilte Mac Rónáin féin ann leis!

Thug sé aire ar leith i gcónaí don chinéal camáin a mbainfeadh sé úsáid as agus de bhrí go raibh an-mheas aige i gcaitheamh a shaoil ar stíl imeartha iománaithe Chill Chainnigh bh'fhéidir gurbh é sin an fáth gur ón gcontae sin cois Feorach a d'fhaigheadh sé a chuid camán.

Féith na hIománaíochta

Ba ar an mBóthar Beag i gCathair na dTreabh a saolaíodh Micheál Mac an Rí ach ba de bhunadh an Chladaigh a mhuintir agus ní miste a lua go mba chol ceathrar é do Mháirtín Mac an Rí a bhuaigh Craobh na hÉireann le Gaillimh i 1923.

Léirigh sé agus é ina stócach go raibh féith na hiománaíochta ann. Agus nuair a bhí sé ag freastal ar Scoil na mBráithre Pádraig sa chathair d'fhorbraigh sé an cumas imeartha sin. Ag an am ní raibh aon chomórtas ann do mhionúir agus ar fhágáil na scoile dhó roghnaíodh é ar fhoireann sinsear Thomáis Ághas a bhí go mór chun tosaigh i gCathair na Gaillimhe nó gur bunaíodh foireann Liam Uí Mhaoilíosa.

Níor éirigh le Micheál craobh shinsear an chontae a bhuachan, agus ní raibh de thoradh a dheasheirbhíse don chlub ach dhá chraobh lathar na Gaillimhe i 1932 agus i 1934.

Gaisce dá chontae

Is beag cluiche nár fhág sé a shéala go domhain air ó thosaigh sé ag imirt lena chontae i lár na bhfichidí. Tráchtann na seanfhundúirí fós ar iliomad éachtaí Mhichíl—an gaisce a rinne sé i dtreascart Chill Chainnigh (9-4 in aghaidh 6-0) i gcluiche leathcheannais na hÉireann i 1925 agus arís in éadan an chontae chéanna i 1929 nuair a bhuaigh fir an lathair leis an scór 7-7 i gcoinne 7-1 a sháirimirt in aghaidh na bhfoirne ó Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcluichí Tailteann 1928 is 1932—an taispeántas dodhearmadta a thug sé i gcluiche leathcheannais an Bhóthair Iarainn in éadan na Mumhan i 1933—a chuid stuaime i gcluiche leathcheannais na hÉireann i 1934 nuair a bhí Gaillimh i dtaobh le ceithre fhear déag i gcoinne Luimnigh.

Gníomhartha gaile iad sin uile gan amhras ar bith, ach dá fheabhas iad siothlaíonn siad ar nós drúcht na maidine ar ghualainn na coscartha a thug sé do Thiobraid Árann i gcluiche ceannais an tSraithchomórtais Náisiúnta i 1932 nuair a thapaigh sé cúl an bhua sa seiceant deiridh (4-5 v. 4-4).

I mbéal na tíre


Tar éis crógacht is áblacht Mhichíl Mhic an Rí i gcluichí Tailteann 1928 bhí a ainm i mbéal na tíre agus nuair a casadh Gaillimh agus Corcaigh ar a chéile i gcluiche ceannais na hÉireann i bhfómhar na bliana sin bhí súil a muintir an lathair go gcruthódh sé a mhaitheas arís. Ach mo léan! in imeacht an chluiche tarraingíodh buille fabhtach éagórach a bhain an caipín de ghlúin amháin an rí-iománaí.

Bhí an eachtra seo ina údar imris idir an dá chontae go ceann i bhfad ina dhiaidh sin. Ach ó tharla dearmad déanta ar an mbeart faoi seo níl fúmsa seanchartacha a thochailt anois.

A bhfuil le Dia gur fhill Micheál ar pháirc na himeartha arís i 1931 agus go raibh sé chomh líofa ag luascadh na fuinseoige is a bhí riamh.

D'fhuadaigh an bás an báireoir dearsnaitheach seo uainn in Aibreán 1961. Go ndéana Dia grásta ar a anam. Ba cheart go gcoinníofaí a chuimhne buan cois Coiribe le go mbeadh sé ina ábhar misnigh is spreagtha ag ógánaigh a chontae.

Aguisín: An Bóthar Beag a thugadh muintir Chonamara i gcónaí ar an mbóthar seo atá comhthreomhar leis an mBóthar Mór taobh thuas de. Ach ar nós go leor sean-logainmneacha eile ní raibh sé sách galánta do na 'huaisle'. Bóthar an Choláiste a thugtar ar an mbóthar anois.



Lúb an Mhartello

Téacs: Mandaí Uí Mhurchú

Líníochtaí: David Hill

Níos luaithe i mbliana d'fhoilsigh Cósta Chonamara sraith leabhráin a thugann cuntas ar shiúlóidí éagsúla sa gceantar. Sa sliocht seo thíos déantar cur síos ar ghnéithe áithride de stair Ros a' Mhíl a bhfuil iarsmaí de le feiceáil againn i gcónaí.

Thuig An Bhreatain luath go maith sa chogadh 1793-1801 in aghaidh na Fraince, go raibh cósta thiar na hÉireann leochaileach agus aibidh i gcóir ionraidh. Cruthaíodh dóibh go raibh údar imní acu nuair a tháinig General Humbert agus 1,000 saighdiúr Francach ina theannta i dtír i gCill Ala i gCo. Mhaigh Eo. Cloíadh fórsaí na Fraince faoi cheannas General Humbert ach tuigeadh do na Sasanaigh gurbh iad Cuan na Gaillimhe nó Inbhear na Sionainne na spriocanna a bhí ag Forsaí na Fraince chun a theacht i dtír ó thúis.

Ar athosnú na gcogadh Francacha sa bhliain 1803 tosnaíodh scéim mhór ag tógáil Túir Martello, dúnta gunnaí móra, agus túir chomharthaíochta thart faoi chósta na Éireann agus ar Abhainn na

Sionainne.

D'fhoill Cuan na Gaillimhe a chiorcaladh agus a chosaint ó ionsaí, tógadh túir chomharthaíochta ar Cheann Léime i gCo. an Chláir, ar Inis Oirr, agus ar Cheann Gólaime i Leitir Mealláin. Tógadh Túir Martello ag Baile Uí Bheacháin, in Each Inis agus i Ros a Mhíl i gCuan Chasla. Tá imlíne neamhghnáthach ag túr Ros a Mhíl. Tá sé ag caolú isteach de réir a chéile ar a bhealach suas agus ansin ag leathnú amach ag a bharr, éagsúil leis an gceann in Each Inis agus leis an gceann i mBaile Uí Bheacháin. Bhí dabhach uisce faoina bhun, armlann, stórtha agus, aisteach go leor, áit chónaithe ann d'oifigeach amháin agus do thríocha saighdiúr. Tógadh an túr seo thart ar 1815 agus bhí cónaí ar shaighdiúirí ann go dtí 1836. Tá deá-

chaoi fós air, cé gur baineadh roinnt clocha as na forbhallaí, agus tá an gunna mór agus an t-ardán trasnaíle a ghabhann leis ar an díon go fóill.

Tógadh Stáisiún Gárdaí Cósta i mBaile an tSléibhe idir 1860 agus 1870. Bhí cónaí ar Gharbáí Cósta ann go dtí 1922 nuair a tugadh ar lámha don Rialtas dúchais é. Loisceadh é le linn na 'dtrioblóidí', agus níl ina sheasamh anois ach na fallaí agus an simléar ina lonnainn cáganna agus preacháin deargchosacha.


An tSeanchéibh

Is fada an lá iad na gleoiteogaí agus na huicéirí ag tarraingt móna as Ros an Mhíl go hÁrainn agus go Co. an Chláir agus earraí anoir ó Chathair na Gaillimhe. Tógadh an tseanchéibh sa bhliain 1877 agus an chéibh mhór nua-aimseartha sna 1970'óidí. I dteannta é a bheith ina chalaphort mór iascaigh anois, tá an-tóir ag turasóirí air mar ionad trasnaithe go hÁrainn ar bháid farantóireachta. Is fada an lá an bhrí atá le Ros a' Mhíl imithe i ndearmad. Séard is brí le Ros, ná píosa talún ag gobadh amach sa bhfarraige ach tugtar go leor míniúcháin éagsúla ar "Mhíl". D'fhéadfadh go gciallaíonn sé Maoil (cnoc íseal), Míol Mór nó fiú 'Mhíchíl', i ndiaidh Míchíl Uí Conaire, fear a raibh cónaí air sa cheantar tráth.

Teach Mór Chasla

Bé George Ismay a thóg teach mór Chasla. Tá an teach suite ar an abhainn in aice an chrosbhóthair a théann i dtreo na céibhe... Cuireadh i leith Ismay gur éalaigh sé den Titanic tré ghléasadh mar bhean agus go raibh an oiread náire air faoin eachtra sin gur theastaigh uaidh fanacht as bealach na ndaoine agus dul i bhfolach agus gurbh é sin an chúis gur thóg sé a theach san áit iargúlta sin. Tógadh scoil san áit a bhfuil an t-Ionad Pobail anois, sa bhliain 1885 agus tógadh an scoil nua sa bhliain 1969. Aisteach go leor, ní raibh aon séipéal i Ros a' Mhíl go dtí 1937 agus ba i dteach cónaí a thionólaí seirbhísí eaglasta go dtí gur tógadh an séipéal nua. Ag

breathnú anuas do dhuine ón taiscumar ar bharr an chnoic is díol spéise iad na céadta agus na mílte claíocha a bhí mar theorainneacha idir na tithe agus na páirceanna san am atá caite, agus b'fhiú smaoineamh ar na hathruithe móra atá tagtha ar an gceantar seo ó leag an chéad shaighdiúr Sasanach a chos ar thalamh ann agus an shorbairt a tháinig ar Ros a'Mhíl ó bheith ina cheantar iargúlta talmhaíochta ag stracadh leis an ngannchuid go dtí Ros anMhíl an lae inniu - calaphort crúógach mara agus iascaigh.



Tigh Pheadair Mór

Bántrach, Baile na hAbhann

■ **Beár** ■

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca



Bord Sláinte an Iarthair

ÁRAS MAC DARA

Míle buíochas agus go n-éirí leis an bPléaraca!

Teach Mór Scríbe

Scríb, Co. na Gaillimhe
091-74110

**Teach aíochta
lascaireacht ar Aibhneacha
agus ar Locha**

*Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara '93*

Plandáil Gaoithe na Farraige

Teil: 091-72210



*Lascaine 10% ar fáil
i nith an Phléaraca!*

Ar oscailt:
Luan – Aoine; 9 – 5
Satharn; 10 – 6

Gach rud ar fáil do do Gháirdín

An tÚdarás, Rialtas Áitiúil & Teorainneacha na Gaeltachta

Tá baol mór ann i gcónaí go mbeidh toghchán an Údaráis coinnithe siar go dtí mí an Mheithimh seo chugainn, go rithfear iad ar an lá céanna leis an toghchán Eorpach agus dá bhrí sin, nach mór an aird a bheas ag na bpobal trí chéile ná ag na mór mhéain náisiúnta ar chruachas na Gaeltachta. Cháin Michael D. agus páirtí an Lucht Oibre, Cathal Ó hEochaidh agus Fianna Fáil nuair a tharla an rud céanna in 1989. Ach is fada an tréimhse cúig bliana i ngnóthaí poiblí. Sílim go bhfuil ciall i gcónaí leis an argóint gur cheart toghchán Údarás na Gaeltachta a thionól ar ócáid eile seachas an lá vótála don Eoraip.

Tá leasaithe ar an gcóras rialtais áitiúil féin geallta le fada an lá. Dúradh ag an am nuair a bhí an Páirtí Daonlathach páirteach le Fianna Fáil sa rialtas go raibh sé i gceist córas na gCeantar Dúiche (Rural District councils) a thabhairt ar ais ar bhealach a roinnfeadh gach contae i réigiúin éagsúla ina mbeadh cúpla míle duine. Bheadh baile mór mar lár aonad nó mar fhócas ag gach ceann de na ceantair seo agus bheadh na bunsheirbhísí rialtais áitiúil le fáil ó oifig i ngach ceann de na ceantair seo.

Ní minic a ritheann sé le muintir na Gaeltachta agus le pobal na tuaithe trí chéile, go bhfuil leibhéal eile rialtais áitiúil ag bailte áirithe cosúil le Béal Átha Sluaighe, Baile Locha Riach, Tuaim, Caisleán an Bharraigh srl. nach bhfuil ag an gcuid eile againn agus cé gur fíor nach mórán cumhachta atá ag na Comhairlí seo, tá tábhacht nach beag leis an UDC i gcónaí ó thaobh pleanála de, gan trácht ar an fhóram oscailte daonlathach a thugann siad don phobal áitiúil ar bhealach a dhealaíonn amach an baile áirithe



• **Nollaig Ó Gadhra**

atá i gceist mar aonad agus mar phobal ar leith.

I gcás na Gaeltachta, leagfaí amach ceantair ar leith a bheadh aitheanta go cinnte mar aonaid rialtais áitiúil Ghaeltachta ag feidhmiú trí Ghaeilge. Bheadh bunseirbhísí oideachais, sláinte/pleanála, clárú beireatais srl. le fáil i nGaeilge, gan cheist, i ngach ceantar dúiche Gaeltachta agus bheadh caiteachas airgid ar na seirbhísí seo faoi scrúdú ag comhairle beag áitiúil - cosúil le UDC i mbaile mór - a bheadh tofa go díreach ag muintir na Gaeltachta féin.

Seo rud, ar ndóigh, a ba cheart a bheith ag baint le Údarás na Gaeltachta ón gcéad lá riamh ach díoladh an coileáinín a fuair muid in áit Ghaeltarra.

Buntáiste mór eile a bheadh ag an leasú Rialtais Áitiúil seo go náisiúnta ná go mbeadh comh-ionannas vótála ag muintir na tuaithe don chéad uair ó 1922 i leith, i gcúrsaí rialtais áitiúil. Bheadh dhá vóta ag gach éinne feasta - ceann don Chomhairle

Chontae nó don Bhárdas agus vóta eile do Chomhairle Dúiche cathrach nó tuaithe, mar atá faoi láthair agat má tá cónaí ort i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe nó i mBaile Locha Riach.

An rud is mó is cás linne sa Ghaeltacht ar ndóigh ná a bheith cinnte go bhfuil socruithe rialtais áitiúla ann don Ghaeltacht - mar atá geallta le fada ag an Lucht Oibre - le cur i bhfeidhm mar chuid de cibé socruithe atá á mbeartú ag Micheál Mac Gabhann, an tAire Comhshaoil atá ann anois.

Teorainneacha na gCeantar Gaeltachta

Sin é an fáth go dtagann teorainneacha na gceantar Gaeltachta i gceist san obair seo ar fad. Mar caithfidh teorainneacha éigin a bheith ann i gcás na Gaeltachta chomh cinnte céanna agus atá teorainn idir cathair agus contae na Gaillimhe. Ní peaca nó ábhar náire féin é gan a bheith sa Ghaeltacht go fírinneach. Níl éinne ag caint, go bhfios dom, ar deireadh a chur le forbairt úsáid na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. A mhalairt ar fad. Ach is polasaí cultúrtha agus oideachais é seo don chuid is mó.

Is beag an bhaint atá ag ceisteanna dá leithéid le freastal go díreach agus go sásúil ar phobail na Gaeltachta. Tá sé thar am ag na pobail atá idir eatarthu, ar imeall na Gaeltachta le fada an lá a n-intinn a shocrú. An mian leo go n-áireofaí iad mar cheantair Ghaeltachta i ndáiríre? Más mian, tá impleachtaí pobail nach beag ann, ag an leibhéal is bunúsaí, ag leibhéal an leathpharóiste féin. Táim ag caint ar an teanga teagaisc sna bunscoileanna, ar theanga an Aifrin, go deimhin ar an teanga a roghnaíonn lucht gnó agus lucht

oifigiúil chun gach rud ó ainm an tsiopa nua go dtí an 'fógra sealadach' a chrochann ceantálaithe ar fud Chonamara nuair a bhíonn tithe, a tógadh le deontais na Gaeltachta á ndíol ar an margadh oscailte acu! Mar an gcéanna i gcás na siamsaíochta, a bhfuil glacadh leis sna tábhairní — agus nílím ag caint ar an nósmaireacht rinne a féachadh le forbairt i gCorca Dhuibhne le gairid le cúnamh breaba a bhí comh flaithiúil le rud ar bith a chuireann an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Gaeltachta ar fáil don tsiamsaíocht phoiblí sa Ghaeltacht.

Ní cuma a thuilleadh le muintir na Gaeltachta vótaí a bheith ag daoine i dtoghcháin an Údaráis in áiteanna nach raibh an Ghaeilge in úsáid sa phobal iontu le fada an lá, agus nach eol ar éigean do chuid mhór den lucht vótála iad a bheith sa 'Ghaeltacht' ar chor ar bith!

De bhrí gur cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcaitheamh na mblianta ó 1967 i leith, tógail tithe nua ar imeall na cathrach siar Cois Fharraige, gan aird ar bith ar an dochar a dhéanadh sin ó thaobh na pleanála de agus freisin ó thaobh fhorbairt agus chomhdhluthú na bpobal Gaeltachta féin. Rinneadh 'margadh oscailte' den Ghaeltacht go léir gan aird fiú amháin ar riachtanais tithíochta na glúine óige a bhí ag fanacht sa bhaile. Tá an pointe sroichte anois againn gur mó an seans atá ag Béarlóirí bhruachbhaile Chnoc na Cathrach guth a chur isteach ar Bhord Údarás na Gaeltachta ná na pobail fhíreanneacha Ghaeltachta - ó Oileáin Árann go Ceathrú Thaidhg



Is gearr uainn toghchán an Údaráis. Ach an athrófar teorannacha na Gaeltachta sar a mbeidh an vótáil ann? Tá níos mó vótaí i gCnoc na Cathrach ná mar atá sa gCeathrú Rua.

go Ráth Chairn na Mí. Bhí an scéal sách dona cheana féin idir oidhreacht Lindsey i mBéal an Mhuirthead agus Acaill, oidhreacht Pha O Donneall sa Chlochán Liath, gan trácht ar oidhreacht 'Ghaeltachta' Thom O Donnell sa Mhumhain.

Tá a dóthain vótaí thart ar chathair na Gaillimhe anois chun ar a laghad duine den triúr guth atá ceadaithe don Ghaeltacht i nGaillimh/Maigheo/An Mhí ar Bhord an Údaráis a thoghadh.

Tuigim níos fearr ná go leor daoine b'fheidir an deacracht a bhaineann leis an gceist seo, go háirithe i gcás Aire cosúil le Michael D. Higgins, a bhfuil cáil an macántachta air agus ar mhaith leis a cheapadh go bhfuil an rud ionraic ar bun aige de ghnáth. Mar shoceolái tá tuiscint nach beag aige, nó ba cheart go mbeadh, ar castacht na bpátrún teangeolaíochta sa taobh seo domhain agus an coimhlínt seanbhunaithe atá idir raichtanais forbartha eacnamaíochta, a bhfuil an brabach mar Dhia acu agus fadhbanna pleanála pobail Chois Fharraige.

Tá ceangal reachtúil ar Údarás na Gaeltachta cheana féin leis an nGaeilge a fhorbairt agus a bhuanú sa Ghaeltacht — go háirithe trína cur in úsáid ina gcuid imeachtaí forbartha go léir. Ach cá bhfágann seo an Earnáil Phoiblí sa Ghaeltacht agus na dreamanna stáit ar fad atá ag plé leis an Ghaeltacht? Ní féidir freagra macánta a thabhairt ar an gceist sin ach an oiread gan choinníollacha réasúnta loighiciúla simplí a bheith ag baint le cáiliocht mar phobal Gaeltachta. Agus dá bhrí sin, tá gá i gcónaí le monatóireacht ar an scéal agus sainmhínte docht macánta faoin rud is 'Gaeltacht' ann. Ní féidir sin a dhéanamh gan scrúdú speisialta láithreach, sa gcaoi is gur féidir rogha a thabhairt do phobail áirithe teacht isteach sa chlub nó é a fhágáil idir seo agus an chéad toghchán Údaráis eile. An rud nach féidir a dhéanamh ná neamhaird a dhéanamh den scéal arís nó iarracht a dhéanamh an scrúdú a chur siar go dtí tar éis an toghcháin!

Bhí a leithéid á déanamh ag Mícheál Holmes ar Radio 1 le tamall: scothchlár le scoth-dhaoine, daoine a bhfuil scéal le hinsint acu — ar nós Dhónaill Uí Lúbhlaí, bunaitheoir Choláiste na bhFiann, Chlann Lir, Chumann na bhFiann agus go leor eile, agus Mick Lally, nó "Miley" an Ghleanna Rua, mar is fearr atá aithne ag an bpobal air.

Pointe beag breise faoin mbeirt áirithe seo: as Tuar Mhic Éadaigh i nGaeltacht Mhaigh Eo do Mick Lally; as lár na tíre, Co. na hIarmhí, do Dhónall — Gaeltacht ag meath, deirtear, in áit amháin; Gaeltacht ag fás, deirtear, san áit eile. An mar sin a bheidh feasta? Agus an bhfuil réiteach eile — réiteach níos fearr ar aon nós — ar scéal na Gaeilge ná an dá shampla sin: an dé a choimeád inti chomh fada agus is féidir ar an tseanláthair fad atá forbairt agus fás á gcothú sna láithreacha nua atá ag teacht?

Seo piosa tógtha as Aerscéalta (Meán Fómhair 1993) a léiríonn intinn Liam Uí Mhurchú (Trom agus Éadrom) faoin nGaeltacht is le cur in aghaidh an meon intinne seo a reachtáiltear Pléaráca Chonamara



• Tom Pheaití Thomáis Ó Flatharta, ón Lochán Beag, atá le feiceáil san ghrianghraf seo a tógadh i 1938

Ceol na Mara

AN SPIDÉAL, Teil: 83382

• LÓISTÍN, BIALANN & BEAR •

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca!



AER ÁRANN

AERFORT CHONAMARA
Eitlíú Laethúla go dtí Oileáin Árann

Oifig Eolais: Aer Árann, Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-93238

Gach rath ar an bPléaráca ó

BOLUISCE

Monica & Cathal Mac Gabhann
AN SPIDÉAL

Speisialtóirí i mBia Mara

Bácús Tine Mhóna Chonamara

• MILSEOGRA •

Arán Traidisiúnta
Bácáilte Gach Lá i dTine Mhóna
Glacann muid le hordalthe speisialta

Cniotáil Ros Muc

Earraí Cniotáilte déanta uiliog in Éirinn

*Gach saghas earraí cniotáilte ar fáil
Beidh fáilte romhat — Buail isteach chugainn*

MAIRÉAD NI CHONAIRE
Cill Bhriocáin, Ros Muc

Gach rath ar an bPléaráca




Leitir Móir, Conamara
Fón: 091-72498

i gcóir ballraíocht saol maith



• Diarmuid de Faoite agus Kathie Prince ag cur seó do ghasúir ar stáitse, le linn Pléaráca Chonamara anuraidh. Beidh an seó puipéid, Méiríní, ag déanamh camchuart ar scoileanna i mbliana, le linn seachtain an Phléaráca.

PÁDRAIC Ó SÉAGHDHA



Ros an Mhíl, Baile na hAbhann

GRÓSAERA – GÁS
BÚISTÉARA

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Muintir Uí Dhomhnaill

Siopa & Teach Aiochta

An Cheathrú Rua

AN CHISTIN

AN CHEATHRÚ RUA

Teach Spóirt, Ceoil agus Craic
Bia agus Deoch

Muintir Uí Shé
Fón: 091-95151

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Tigh an Táiliúra

An Cheathrú Rua

Beár, Ceol agus Craic
gach Deireadh Seachtaine



• Cór Charna, ag canadh ag an searmanas i Reilig Chill Bhriocáin, nuair a adhcuireadh Seán Choilín Ó Conaire, Mí Bealtaine. Beidh siad ag ceol ag an oscailt oifigiúil i Ros a'Mhíl

COMHARCHUMANN

CHONAMARA

THIAR TEO.

Cill Chiaráin, Conamara
Teil: 095-33436 (Facs: 33413)

STÓR AN CHOMHARCHUMAINN

Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL
Grósaer • Éadach • Lotto

SEIRBHÍS TÚS-GNÓ

Saor in aisce: Clárú, Meastacháin, Comhairle, Cúnamh
le Cúntaisí agus CBL

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

ostán an doilín

An Cheathrú Rua
Fón: (091) 95177/95169



Rogha an Óil — Togha an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine

Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, Partaí
nó Bainis.

Bialann


SPRAOI — SPÓIRT — CRAIC

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca
Tigh Mhic Dhonnchadha
Oifig an Phoist
Grósaer
Béal a'Daingean
 091-72126

Go n-éirí leis an bhFéile
Siopa Caifé
Radharc na Locha
 - CAMUS -

Go n-éirí leis an bPléaraca
ELKAY
ÉIREANN
 Casla, Conamara

Óstan na Páirce
 AN SPIDÉAL
 Teil: 091-83159 Facs: 091-83494
 Dod Bhainis nó Chóisir
 Gach eolas ó Seán nó Gearóidín Ní Fhoighil
 Tá muid anois ag glacadh áirithintí do 1994-95



CÚRSAÍ

• LUAN GO HAOINE •
 Cúig Oíche sa tSeachtain

Ar ais ar an aer:
 20 Meán Fómhair ar NETWORK 2 7.03pm

CEOL, CRAIC, CONSPÓID, PLÉ AGUS PLÉARÁCA



COMHARCHUMANN
SLIOGÉISC
CHONAMARA TEO

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
 Teil: 095-33489

Forbairt Sliogéisc ins na
 cuanta idir Ceann Gólaim
 agus Inis Leacain

Deis lasgach ar díol

GRADAM
 NA HAMHARCLAINNE
 DO DHRÁMAÍ NUASCRÍOFA

Duais: £1,500 - Sparántacht - £1,500 •
 Léiriú Stáitse •

Comhairle/Tacaíocht

- Réamh-léirmheas
- Plé leis na léirmheastóirí (mar rogha)
- Obair Thriaileach Stáitse (mar rogha)
- Deiseanna chun athscríobh
- Athscríobh i gcomhairle le léiritheoir

Iontráil roimh 30 Meán Fómhair 1993

Eolas Breise agus Foirm Iontrála ó:

An Comhlachas Náisiúnta

Drámaíochta

Camus, Conamara

Teil: 091-74146

Faics: 74155




CLÓDÓIRÍ
CLOE-DOOREE
CLOWDOORI
CLO-DOÓR-Í

Is cuma cén chaoi a bhreathnaíonn tú air,
 ciallaíonn sé priontáil den scoth.

CLÓDÓIRÍ LURGAN

Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Fón: 091-93251/93157. Facs: (091) 93159

Seirbhís Phriontála don tír trí chéile ó chlólann Ghaeltachta!



Dhá shúil
Dhá chluas
Dhá láimh
Dhá chois...
Dhá theanga
Gan amhras!



Údarás na Gaeltachta